



# Ag Breathnú ar Cheol

Múineadh agus Foghlaim in Iar-bhunscoileanna

AG CUR CHUN CINN CAIGHDEÁN NA FOGHLAMA

# Ag Breathnú ar Cheol

Múineadh agus Foghlaim in Iar-bhunscoileanna



AG CUR CHUN CINN CAIGHDEÁN NA FOGHLAMA

Is mian leis an gcigireacht buíochas a ghabháil leis na scoileanna seo a leanas as ucht an cead chun grianghraif a úsáid:

Newpark Comprehensive School, An Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath  
Coláiste Pobail Naomh Mac Dara, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W

© 2008 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
ISBN-0-0000-0000-X

Deartha ag [www.slickfish.ie](http://www.slickfish.ie)  
Clóbhualte ag Brunswick Press, Baile Átha Cliath

Foilsithe ag  
An tAonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde  
An Chigireacht  
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Sráid Maoilbhríde  
Baile Átha Cliath 1

Le ceannach díreach ó  
Oifig Dhíolta Foilseachán an Rialtais  
Teach Sun Alliance  
Sráid Theach Laighean  
Baile Átha Cliath 2

nó sa phost ó  
Foilseacháin an Rialtais  
An Rannóg Trádála Poist  
Aonad 20  
Páirc Miondíola Cois Lochá  
Clár Chlainne Mhuiris  
Co Mhaigh Eo

€10.00

## Clár Ábhair

	Brollach	iii
1	Réamhrá	1
2	Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile	5
3	Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin	17
4	Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama	23
5	Cáilíocht an mheasúnaithe	33
6	Achoimre ar na príomhchinntí agus na príomh-mholtaí	39
	Aguisín	45



## Brollach

Cúis áthais dom an foilseachán *Ag Breathnú ar Cheol* a chur in bhur láthair. Is éard atá san fhoilseachán seo tuarascáil ilchodach bunaithe ar 45 tuarascáil cigireachta ábhair ar theagasc agus ar fhoghlaim an Cheoil i scoileanna iar-bhunoideachais. Tá *Ag Breathnú ar Cheol* bunaithe ar anailís a rinneadh ar na tuairiscí cigireachta a rinneadh i scoileanna idir Eanáir 2006 agus Bealtaine 2007. Cigirí Ceoil a rinne na cigireachtaí i scoileanna éagsúla dara leibhéal – cigireachtaí a bhí bunaithe ar mheascán clár scoile. Is éard atá sa tuarascáil seo nithe a tugadh faoi deara maidir le cleachtas i soláthar an ábhair agus tacaíocht scoile uile, pleanáil agus ullmhúchán, teagasc agus foghlaim, agus measúnacht.

Tugann na príomhthorthaí agus na príomh-mholtaí atá luaite in *Ag Breathnú ar Cheol* léargas ar an ról atá ag Ceol i dtaithí foghlama an mhic léinn dara leibhéal sa lá inniu ann.

Aithnítear agus dearbhaítear ann an obair a dhéanann múinteoirí agus bainisteoirí scoile le tacú leis an ról seo. I measc na gceisteanna a dtarraingítear aird orthu sa tuarascáil seo tá an éagothroime inscne agus deacrachtaí a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide sa seomra ranga

ceoil. Táthar ag súil, trí aird a tharraingt ar na ceisteanna seo agus go deimhin ceisteanna eile nach iad, go gcuirfear ar bhealach dearfach le teagasc agus le foghlaim an Cheoil.

Achoimre ar an eolas a bhailigh cigirí i rith cuairteanna scoile atá in *Ag Breathnú ar Cheol* agus tá léargas cruinn le fáil ann ar an gcleachtas a bhaineann le teagasc an Cheoil ag an leibhéal iar-bhunoideachais sa lá atá inniu ann. Táim muiníneach go mbreathnófar ar an bhfoilseachán seo mar bhonn comhairle agus tacaíochta a spreagfaidh plé, a chabhróidh leis an bpróiseas féin-athbhreithnithe, agus a chinnteoidh feabhas i scoileanna agus i measc múinteoirí.



**Gearóid Ó Conluain**  
Leas Phríomhchigire





# Caibidil 1

Réamhrá



## 1.1 Scoileanna agus measúnuithe

Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile bunaithe ar na torthaí agus ar na moltaí a rinne cigirí Ceoil. Rinne na Cigirí Ceoil seo cigireachtaí ábhair i 45 scoil idir Eanáir 2006 agus Bealtaine 2007. Scríobhadh formhór na dtuairiscí seo mar thoradh ar chigireachtaí aon ábhair, agus áiríodh cuid de na tuairiscí cigireachta mar chuid den mheastóireacht scoile uile (WSE).

I measc an 45 scoil a roghnaíodh bhí scoileanna i gcathracha, i mbruachbhailte agus faoin tuath. Bhí níos lú ná 300 mac léinn sa scoil is lú agus bhí breis is 800 mac léinn sa scoil is mó a roghnaíodh. Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na cineálacha scoileanna a roghnaíodh.

**Tábla 1.1 Scoileanna de réir catagóire**

<b>Catagóir scoileanna</b>	Meánscoileanna deonacha	27	60%
	Scoileanna CGO	8	18%
	Scoileanna pobail agus scoileanna buachaillí	10	22%
	<b>Iomlán</b>	<b>45</b>	<b>100%</b>

**Tábla 1.2 Scoileanna de réir inscne**

<b>Scoileanna de réir inscne</b>	Scoileanna Comhoideachais	28	62%
	Scoileanna aon inscne		
	Scoileanna cailíní	12	27%
	Scoileanna measctha	5	11%
	<b>Iomlán</b>	<b>45</b>	<b>100%</b>

Rinneadh na cigireachtaí ábhair de réir Treoir don Chigireacht Ábhair ag an Dara Leibhéal (An Chigireacht, 2004). San áireamh i dtuairisc na cigireachta ábhair sa Cheol, cosúil le hábhair eile, bhí iniúchadh a dhéanamh ar an ábhar bunaithe ar roinnt ceannteideal soiléir: soláthar san ábhar agus tacaíocht lán-scoile don ábhar, pleanáil agus ullmhúchán, teagasc agus foghlaim, agus measúnacht. Tá leagan amach na tuarascála ilchodaí seo bunaithe ar na ceannteidil thuasluaite. San fhoilseachán trí chéile, áirítear sleachta ó thuairiscí na cigireachta ábhair mar iarracht léargas a thabhairt ar na ceisteanna a tháinig chun cinn i rith na gcigireachtaí agus na bealaí a tuairiscíodh agus a ndearnadh cur síos ar dhea-chleachtas. Tá achoimre le fáil i ngach caibidil ar ghnéithe a bhain le dea-chleachtas agus ábhair imní a tháinig chun solais i rith na gcigireachtaí. Ag an deireadh tá achoimre de na torthaí agus de na moltaí a tháinig chun cinn ón anailís a rinneadh ar an 45 tuairisc cigireachta ábhair.

## 1.2 Cuspóir Ag Breathnú ar Cheol

Go bunúsach tá dhá aidhm le *Ag Breathnú ar Cheol*. Ar ag gcéad dul síos, tá léargas le fáil ann ar thorthaí atá bunaithe ar bhreathnóireacht ar chleachtas reatha i scoileanna agus seomraí ranga i rith 2006 agus 2007. Ar an dara dul síos, is ann don fhoilseachán seo le cabhrú le múinteoirí Ceoil agus le cabhrú le scoileanna trí aird a tharraingt ar na ceisteanna a bhaineann le teagasc agus le foghlaim an ábhair seo. Táthar ag súil go mbeidh comhairle agus tacaíocht le fáil acu siúd a bhfuil baint acu le teagasc an Cheoil in *Ag Breathnú ar Cheol*, agus go mbeidh sé mar bhonn le plé gairmiúil faoin ábhar. Thar ní ar bith eile, táthar ag súil go gcinnteoidh *Ag Breathnú ar Cheol* go dtiocfaidh feabhas ar thaití foghlama na mac léinn a roghnaíonn staidéar a dhéanamh ar an ábhar seo.





# Caibidil 2

Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile

## 2.1 Rochtain ar an ábhar agus leibhéal foghlama

Thuairiscigh na cigirí go raibh deis ag mic léinn sa chéad bhliain i bhformhór na scoileanna ar tugadh cuairt orthu Ceol a roghnú mar chuid de chlár éagsúla. Tugadh faoi deara go raibh cleachtas éagsúil i scoileanna éagsúla: i scoileanna áirithe d'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar an ábhar don bhliain iomlán; i scoileanna eile d'fhéadfaí staidéar a dhéanamh ar an ábhar ar feadh téarma, nó mar chuid de shraith rothlach, nó ar feadh tréimhse chomh gairid le trí seachtaine.

D'ainneoin an cleachtas a bhí i gceist, d'úsáid céatadán suntasach de na scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu bloic shonracha chun deis a thabhairt do mhic léinn na hábhair ar mian leo staidéar a dhéanamh orthu don Teastas Sóisearach a roghnú. Bunaithe ar an méid roghanna curaclaim atá ar fáil, luíonn sé seo le réasún. Ba é an rogha ba choitianta i scoileanna comhoideachais ábhar amháin a roghnú as na hábhair seo a leanas: Eacnamaíocht Bhaile, Ealaín, Ceol, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Míotalóireacht, agus Staidéar Gnó. I scoileanna aonghnéis, bhí sé de nós ábhair a measadh a bheith dírithe ar inscne áirithe a ghrúpáil le chéile; ciallaíonn sé seo gur minic a roghnaíonn cailíní dhá ábhar as na hábhair seo a leanas: Eacnamaíocht Bhaile, Eolaíocht, Ealaín, agus Ceol; agus is minic a roghnaíonn buachaillí as na hábhair seo a leanas: Míotalóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad), Ealaín, Ceol, agus Grafaic Theicniúil. I scoileanna áirithe is bunaithe ar rogha na mac léinn a bhí na bloic – an cur chuige “scothoiriúna” – ach níor tugadh an cur chuige seo faoi deara ach i líon beag scoileanna. Bhí ar chéatadán beag mac léinn

ábhair a roghnú roimh thosú sa scoil dóibh. Rogha choitianta go maith ba ea Ealaín, Gnó, agus an dara nuatheanga Eorpach.

Bhí Clár Idirbhliana (IB) ar fáil i bhformhór na scoileanna a d'áirigh Ceol i measc na n-ábhar a bhí ar fáil. Ba ghnách Ceol a áireamh mar mhodúl éigeantach faoi scáth na Roinne Drámaíochta ar mhaithe le léiriú IB a dhéanamh. I líon beag scoileanna bhí modúl breise roghnach ar fáil freisin bunaithe ar theicneolaíocht ceoil nó léiriú fuaime mar shampla. Mhol agus spreag na cigirí an cleachtas seo, de bhrí gur thug sé deis do mhic léinn taithe a fháil ar phróisis déanta ceoil, go háirithe mura raibh deis den sórt seo ag mic léinn mar chuid den tsraith shóisearach.

Seachas líon beag scoileanna buachaillí den chuid is mó, bhí Ceol á theagasc go leibhéal Ardteistiméireachta sna scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu. I bhformhór na gcásanna, cur chuige scothoiriúna a bhí i bhfeidhm i scoileanna nuair a bhí ábhair á roghnú ag mic léinn. Ar an tslí seo, bhí lucht bainistíochta na scoile in ann bloic roghanna a chur in oiriúint do roghanna mac léinn, agus sna scoileanna sin a raibh bloic shocraithe in úsáid iontu bhí solúbthacht áirithe i gceist le Ceol ar mhaithe le deis a thabhairt do mhic léinn a raibh spéis acu sa Cheol staidéar a dhéanamh air.

Go hiondúil, bhí deis ag na mic léinn ar fad sna scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu Ceol a roghnú, beag beann ar a gcumas – cleachtas atá le moladh. I scoil amháin, áfach, ní raibh ach deis ag mic léinn a measadh a bheith beagán níos laige Ceol a roghnú. Chuir na cigirí in iúl nach cleachtas maith é seo agus

cuireadh in iúl nár cheart ach oiread deis a thabhairt do mhic léinn níos éirimiúla amháin Ceol a roghnú. Cuireadh an méid seo a leanas in iúl i dtuairisc amháin:

I láthair na huair, is ábhar éigeantach é Ceol sa tsraith shóisearach do mhic léinn a meastar a bheith beagán níos laige. Cothaíonn beartas den sórt seo tuairim mhícheart agus gan bhunús maidir leis na mic léinn ar cheart dóibh staidéar a dhéanamh ar Cheol. Lena chois seo, ní áiríonn an beartas seo riachtanais mhac léinn eile ar mhaith leo staidéar a dhéanamh ar an ábhar mar chuid den tsraith shóisearach.

Bhí neart mac léinn ag déanamh staidéir ar an ábhar i gcéatadán suntasach scoileanna - sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach. Sna scoileanna sin nach raibh céatadán sásúil mac léinn ag déanamh staidéir ar an ábhar, rinne na cigirí moltaí maidir le conas an t-ábhar a chur chun cinn, go háirithe sna scoileanna sin ina bhféadfadh tionchar a bheith ag roghnú ábhar air seo nó sna scoileanna nach raibh Ceol ar fáil iontu mar ábhar Ardeistiméireachta. Seo a leanas sampla den mhéid a luadh sna tuairiscí:

Ba cheart straitéisí a fhorbairt le cinntiú go mbeidh Ceol á roghnú ag níos mó mac léinn agus ar mhaithe le cur le próifíl an Cheoil sa scoil. Chuige seo, b'fhéidir gurbh fhiú modúl ceoil a áireamh mar chuid den IB ar mhaithe le spéis na mac léinn a chothú san ábhar agus aird a tharraingt ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an ábhar a sholáthar mar chuid den tsraith shinsearach.

Ba cheart straitéisí a fhorbairt le cinntiú go ndéanfaidh céatadán níos airde mac léinn staidéar ar Cheol agus b'fhéidir Ceol a áireamh mar chuid den IB agus, de réir a chéile, ceol a sholáthar mar chuid den tsraith shinsearach.

Cuir leis an obair mhaith atá curtha i gcrích sa scoil cheana féin chun cur le próifíl an Cheoil, agus machnamh a dhéanamh ar straitéisí d'fhonn a chinntiú go mbeidh an t-ábhar á roghnú ag céatadán níos mó mac léinn.

Sa 28 scoil chomhoideachais a ndearnadh cigireacht orthu bhí an phróifíl inscne éagothrom, le céatadán suntasach cailíní, go háirithe sa tsraith shóisearach, ag déanamh staidéir ar an ábhar. Ar aon dul le treochoí náisiúnta, bhí ceathrar cailíní do gach buachaill amháin ag déanamh staidéir ar an ábhar (cóimheas 4:1). Mheas na cigirí i bhformhór na gcásanna gurbh iad na bloic shocraithe roghanna sa tsraith shóisearach ba chúis leis seo, nuair a bhí ábhair a raibh tóir ag inscne amháin thar a chéile orthu sna grúpaí céanna. Ábhar spéise freisin gur éirigh le scoileanna a raibh modúl Ceoil mar chuid den IB acu agus a raibh an cur chuige scothoiriúna in úsáid acu don Ardeistiméireacht cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Tá Ceol ar churaclam na scoile le fada an lá
- Tá deis ag na mic léinn ar fad sa scoil Ceol a roghnú
- Roghnaíonn mic léinn na hábhair is spéis leo i ndiaidh clár tosaigh a dhéanamh

### Ábhair imní

- An tionchar atá ag socruithe maidir le hábhair a roghnú ar Cheol
- An éagothroime inscne: roghnaíonn céatadán níos mó cailíní ná buachaillí staidéar a dhéanamh ar Cheol
- I gcoitinne ní chinneann mórán buachaillí staidéar a dhéanamh ar an gCeol

## 2.2 Tráthchlár

Seo a leanas an tráthchlár Ceoil a mholtar i siollabas an Teastais Shóisearaigh agus i siollabas na hArdteistiméireachta:

Trí thréimhse ranga 40 nóiméad sa tseachtain ... i dtrí bliana na sraithe sóisearaí mar íosmhéid chun an cúrsa seo a theagasc go héifeachtach (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1991, lch.4).

Tá an siollabas deartha ar shlí gur féidir cuspóirí an chúrsa a chomhlíonadh in dhá bhliain (180 uair) de staidéar sa seomra ranga. Moltar go mbeadh nach lú ná trí huair sa tseachtain ar fáil in dhá bhliain na hArdteistiméireachta chun an cúrsa seo a theagasc go héifeachtach. (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1996, lch.3)

Chloígh na scoileanna ar fad beagnach a ndearnadh cigireacht orthu leis na treoirlínte seo, ach bhí éagsúlacht sa soláthar le sonrú sna córais dhifriúla a bhí in úsáid sa chéad bhliain. Ní raibh an méid ama a bhí sonraithe do theagasc an Cheoil sásúil i líon beag scoileanna, agus go deimhin i scoileanna áirithe bhí an méid ama a bhí sonraithe ar an tráthchlár i bhfad níos lú ná an méid ama a mholtar sa siollabas. I gcásanna den sórt seo, mhol na cigirí bealaí leis seo a chur ina cheart. Tá léargas le fáil sa sliocht seo a leanas ó thuairisc chigireachta amháin ar na himpleachtaí a bhíonn ag a leithéid sin ar phleanáil agus ar ullmhúchán, ar theagasc agus ar fhoghlaim:

Dhá cheacht sa tseachtain atá sonraithe ar an tráthchlár don dara agus don tríú bliain, rud nach bhfuil ag teacht lena bhfuil sonraithe i Siollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh. . . Sa

tsraith shinsearach i ndiaidh na hIdirbhliana, tá trí thréimhse sonraithe don chúigiú bliain agus dhá thréimhse dhúbailte don séú bliain. Níl sé seo ag teacht ach oiread leis an líon tréimhsí atá molta i dtreoirlínte Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta. Moltar gur cheart iarracht a dhéanamh é seo a chur in cheart láithreach bonn agus go dtabharfaí tús áite do cheisteanna den chineál sin nuair a bheidh planáil ar bun don roinn [ceoil].

### Tréithe an dea-chleachtais

- Dáileadh tráthchláir ag teacht le treoirlínte na Roinne
- Am teagmhála scaipthe go cothrom i rith na seachtaine

### Ábhair imní

- Nach bhfuil tréimhse dhúbailte amháin, ar a laghad, san áireamh gach seachtain chun obair phraiticiúil a dhéanamh

Tá tréimhse dhúbailte amháin, ar a laghad, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach riachtanach chun obair phraiticiúil a dhéanamh. Is den tábhacht é freisin go mbeadh méid chothrom teagmhála gach seachtain, mar is annamh go mbíonn teagmháil laethúil ag mic léinn leis an ábhar. Tá am teagmhála cothrom go maith gach seachtain ag céatadán suntasach scoileanna, rud atá le moladh. Iarradh ar na scoileanna sin nach raibh sé seo amhlaidh iontu iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí é seo a chur ina cheart. Bhí an méid seo a leanas scríofa i dtuairisc amháin:

Tá an soláthar Ceoil ar an tráthchlár ag teacht le treoirlínte na Roinne. Go ginearálta, tá am teagmhála roinnte go feiliúnach gach seachtain, ach tá eisceacht amháin ann. Tá an dá thréimhse dhúbailte sa tríú bliain ar siúl lá i ndiaidh a chéile

rud a chiallaíonn go bhfuil bearna cúig lá idir na ranganna. Cé go n-aithnítear nach dtarlaíonn sé seo i gcónaí, moltar iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí é seo a sheachaint chun bearnaí fada ama idir cheachtanna a sheachaint.

## 2.3 Gníomhaíochtaí seach-churaclaim

Cruthúnas ar thiomantas múinteoirí agus lucht bainistíochta scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu go raibh gníomhaíochtaí seach-churaclaim Ceoil ar fáil iontu. Tugadh raon fairsing gníomhaíochtaí faoi deara, agus i measc na ngníomhaíochtaí ba choitianta bhí cóir, ensemble uirlise, grúpaí ceoil thraidisiúnta, agus bannaí rac-cheoil. Mar shampla, bhí na cuntais seo a leanas le fáil in dhá thuirisc:

Bhí cóir, ceolfhoireann agus grúpaí ceoil thraidisiúnta na scoile ag cleachtadh ag am lóin ceithre huair sa tseachtain i rith na scoilbhliana. Cinntíonn caighdeán an léiriúcháin agus éagsúlacht an repertoire taithí fhairsing déanta ceoil, mar a tugadh faoi deara le linn na cigireachta. Bhí na grúpaí éagsúla an-mhaith, agus i rith na measúnachta seinneadh leithéidí *The Sleeping Beauty Waltz*, *Pie Jesu*, *King of the Fairies*, *Les Avions en Papier*, *Lucy in the Sky with Diamonds*, *Banish Misfortune*, agus *Oh, What a Beautiful Morning!*

Níl sna cóir, ceolfhoirne, grúpaí popcheoil agus grúpaí bailéad, grúpa ceoil thraidisiúnta, ceolchoirmeacha ag am lóin, comórtais, agus léiriú CD ach cuid de na gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl i gcaitheamh na scoilbhliana.

Is minic gur chruthaigh na gníomhaíochtaí seo deiseanna do mhic léinn spéis a chur i réimse faoi leith agus cur lena gcumas féin. I gcásanna eile, ba iad na gníomhaíochtaí seach-churaclaim an t-aon deis a bhí ag mic léinn nach raibh ag déanamh staidéir ar Cheol a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí ceoil.

Déanann na mic léinn léiriúcháin go rialta don scoil ar fad agus tugadh é seo faoi deara le linn na cigireachta, nuair a bhí Ceoil Traidisiúnta le cloisteáil i rith shos na maidine mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge.

Lena chois seo, eagraíodh go leor ceardlann, tháinig ceoltóirí ar cuairt chuig an scoil agus eagraíodh cuairteanna chuig ceolchoirmeacha agus seónna do na mic léinn, agus eagraíonn céatadán suntasach scoileanna léiriúcháin ar stáitse de shaghas éigin freisin.

Glacann mic léinn Ceoil páirt in imeachtaí in Éirinn ar nós Siamsa, agus féile Eisteddfod sa Bhreatain Bheag. Bíonn deis ag mic léinn freisin páirt a ghlacadh i gceardlanna éagsúla cosúil le salsa/samba, scríobh ceoil agus ranganna damhsa i ndiaidh na scoile.

Ba ghnách go raibh seó na scoile ar cheann de bhuaicphointí chlár ealaíon na scoile, mar aon le cuid lárnach den chlár IB, agus ba ghnách go raibh baint ag céatadán suntasach de phobal na scoile leis. I gcásanna áirithe, deis a bhí sa cheoldráma scoile comhtháthú maith a chruthú idir an curaclam atá á leanúint ag mic léinn cheoil agus raon gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile.



Ina theannta sin, bhí uirlisí ceoil á dteagasc i scoileanna áirithe, agus bhí socruithe éagsúla i bhfeidhm chun na ranganna seo a sholáthar. Mar shampla, bhí múinteoirí breise ag obair i scoileanna áirithe – teagasc grúpa agus aonair – laistigh nó lasmuigh d’uaireanta scoile, agus ba mhínic úsáid á baint as tráthchlár rothlach sa chaoi is nach mbeifí ag cur isteach ar cheachtanna. Bhí meascán uirlisí le fáil i scoileanna áirithe agus bhí scéim cíosa i bhfeidhm; thug roinnt scoileanna méid áirithe airgid don teagasc, agus sholáthair scoileanna eile na háiseanna agus d’foc na mic léinn as na ceachtanna. Luadh an méid seo a leanas i dtuairisc amháin:

Tá go leor airgid caite ag an scoil ar uirlisí ceoil a sholáthar do mhic léinn, rud a chabhraigh le forbairt ceolfhoireann na scoile. Féadfaidh na mic léinn ar fad freastal ar cheachtanna aonair trí tháille bheag a íoc de bhrí go n-íocann an scoil as cuid de na ceachtanna. Chuir an soláthar flaitiúil seo go mór le hoideachas cultúrtha na mac léinn agus tá ardmholadh tuitte ag lucht bainistíochta na scoile as seo a dhéanamh.

Is minic gur chuir na scéimeanna seo leis an ngníomhaíocht churaclaim a bhí ar bun sa seomra ranga. Léiríodh in a lán scoileanna ar tugadh cuairt orthu go mbeadh spéis acu a leithéid sin de scéimeanna a bhunú ach ábhar imní amháin a luadh ná an gcuirfeadh a leithéid isteach ar ghnáthranganna. Níor tugadh le fios i scoil ar bith a raibh a leithéid de scéim i bhfeidhm inti gur chuir na gníomhaíochtaí seo isteach ar ghnáthranganna — gné ar cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar thús a chur le gníomhaíochtaí comhlántacha ceoil.

Bhí tréimhsí cleachtaidh cóir nó ceolfhoirne ar an tráthchlár i gcéatadán beag scoileanna. Bhí sé seo amhlaidh go ginearálta i scoileanna a raibh nós acu a leithéid a áireamh ar an tráthchlár le blianta fada anuas. Bhí go leor scoileanna i mbun deireadh a chur lena leithéid de ghníomhaíochtaí, áfach. Cúis díomá é seo mar i gcásanna go leor ní raibh deiseanna ar bith eile ag mic léinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht déanta ceoil.

Aithníodh agus dearbhaíodh sna tuairiscí uile, an obair iontach a dhéanann comhaltáí foirne chun gníomhaíochtaí déanta ceoil a chur chun cinn – obair nach bhfuil luaite in oibleagáidí conartha. Bíonn obair bhreise eagrúcháin i gceist chun raon leathan gníomhaíochtaí a tharlaíonn den chuid is mó lasmuigh de ghnáth-uaireanta tráthchláir a chothú agus monatóireacht a dhéanamh orthu, rud a chiallaíonn go mbíonn dualgais bhreise ar mhúinteoirí ceoil agus ar lucht bainistíochta.

Sna tuairiscí cigireachta tugadh aitheantas agus ardmholadh do thiomantas scoileanna agus múinteoirí, agus an meascán iontach gníomhaíochtaí a dhéantar i scoileanna. D’aithin na cigirí an tábhacht a bhaineann leis na gníomhaíochtaí seo i ndáil le saibhriú cultúrtha na mac léinn mar aon le hoideachas ginearálta aeistéitiúil, agus leagadh béim ar an bpointe go gcuireann gníomhaíochtaí seach-churaclaim leis an tuairim gur ábhar beo, bríomhar é Ceol - ábhar nach féidir i gcónaí na buntáistí a bhaineann leis a fháil i dtéacsleabhair.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Soláthraítear raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim ceoil
- Tá na gníomhaíochtaí seo ar fáil do mhic léinn uile na scoile
- Tiomantas múinteoirí agus lucht bainistíochta chun na gníomhaíochtaí seo a chur ar bun

### Ábhair inní

- Dea-thoil na ndaoine a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí deonacha a chothú

## 2.4 An seomra ceoil

I bhformhór na scoileanna bhí limistéar ainmnithe ar leith do cheachtanna ceoil. Teastaíonn soiléireacht maidir leis an téarma “seomra ceoil” nuair a bhíonn cigireachtaí ar siúl, de bhrí go mb’fhéidir gurb éard a bheadh i gceist seomra a úsáidtear i gcónaí do Cheol ach a úsáidtear d’ábhair eile freisin, nó seomra a úsáidtear do ghníomhaíochtaí ceoil amháin. Cé gur mheas lucht bainistíochta scoile gur socrú sásúil é go mbeadh an seomra ceoil in úsáid d’ábhair eile freisin, meastar gurb é an cleachtas is fearr seomra a bheith ar fáil do ghníomhaíochtaí ceoil amháin.

De réir an chleachtais is fearr ba cheart go mbeadh sainseomraí ceoil ar fáil – seomraí atá feiliúnach do raon leathan gníomhaíochtaí ceoil sa seomra ceoil. Is iondúil go gcuireann seomraí ceoil ainmnithe eile, cé go bhfuil a

leithéid níos fearr ná a bheith gan seomra, srian ar an tslí is féidir leis an múinteoir agus leis na mic léinn idirghníomhú leis an gceol i suíomh teagaisc an Cheoil. Féadfaidh a leithéid tionchar diúltach a imirt ar ullmhúchán ceachta agus am teagaisc a chur amú más gá an seomra a atheagrú go minic.

Bhí limistéar ainmnithe do Cheol ag beagnach leath de na scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu, ach ní raibh na seomraí seo ar fad feiliúnach. Is léir ó thorthaí na dtuairiscí nach mór do scoileanna agus pleanálaithe scoile machnamh a dhéanamh ar chaighdeán na cóiríochta a sholáthraítear do cheachtanna ceoil. I measc na gcineálacha limistéar a bhí feiliúnach bhí spásanna inoiriúnaithe d’obair ghrúpa agus d’obair aonair, spásanna a bhí feiliúnach ó thaobh cúrsaí fuaimiúla de, a raibh neart spáis stórála iontu, agus, go hidéalach, a raibh limistéir léiriúcháin ar leith iontu. Sa chás go raibh spásanna feiliúnacha teagaisc ar fáil, bhí sé indéanta cur chuige teagascach a laghdú agus cruthaíodh deiseanna a cheadaigh do mhic léinn taithí a fháil ar Cheol mar ábhar gníomhach, rannpháirteach. Mar shampla, luadh an méid seo a leanas in dhá thuairisc:

Bhí sainseomra Ceoil sa scoil – seomra geal agus mór, sásúil i dtaobh cúrsaí fuaimne de agus eagraithe sa tslí go bhfuil limistéar teagaisc agus léiriúcháin ann.

Tá sainseomra ceoil sa scoil, ina bhfuil trealamh agus acmhainní oiriúnacha, pianó digiteach agus pianó fuaimiúil, raon uirlisí seomra ranga, drumáí Afracacha, foireann drumáí, córas fuaimne, ríomhaire agus forimeallaigh suiteáilte le *Sibelius*, bogearraí ceoil Éireannacha, seastáin cheoil, teilifíseán, fístaifeadán caiséid agus seinnteoir DVD, céimeanna

don chór agus clár bán ... Lena chois sin, tá stoc fairsing acmhainní éisteachta agus bileog ceoil, agus tá neart póstaer crochta ar na ballaí, pictiúir d'uirlisí, tionscadail mhac léinn agus uirlisí de dhéantús baile. Cuireann siad seo go mór leis an tuiscint atá ag na mic léinn ar an ábhar agus tá ardmholadh tuillte ag a leithéid.

I gcásanna nach raibh na spásanna teagaisc baileach sásúil, thagair na cigirí don tionchar diúltach a bhí aige seo ar theagasc an ábhair, rud atá le sonrú sna samplaí seo a leanas:

Tá dhá sheomra ceoil ainmnithe [sa scoil] ach úsáidtear na seomraí seo do cheachtanna eile freisin, tá sé deacair ceachtanna a phleanáil agus a ullmhú, de bhrí go bhfuil an oiread sin acmhainní á stóráil sna seomraí seo.

Níl spás ar bith le spáráil rud a chiallaíonn gur deacair troscán a bhogadh nó a chur in oiriúint do shuímh dhifriúla teagaisc. Is ag cúl an tseomra atá an pianó, rud a fheileann do ghrúpaí beaga mac léinn de bhrí gur féidir leo seasamh timpeall ar an bpianó, ach cruthaíonn sé deacrachtaí nuair a bhíonn grúpaí níos mó mac léinn i gceist.

Seachas go gcuireann easpa sainseomraí ceoil teorainn leis an méid ama ullmhúcháin a bhíonn ar fáil, ciallaíonn dearadh an tseomra nach mbíonn an oiread céanna ama ar fáil don obair ullmhúcháin. Ciallaíonn dearadh an tseomra go gcuireann troscán mór trom cosc ar sholúbthacht i ndáil le suímh dhifriúla teagaisc a shocrú.

Cé go bhfuil an seomra mór agus aeráilte, de bhrí go mbíonn sé in úsáid do cheachtanna eile tá níos mó deasc ann ná mar a theastaíonn do cheacht ceoil. Leagan amach traidisiúnta atá ar na deasca seo, a chiallaíonn go bhfuil srian ar na bealaí inar féidir leis an múinteoir idirghníomhú leis na mic léinn, agus ina theannta sin, cuireann sé seo i gcoinne solúbthachta i ndáil le socrú suíomh difriúil teagaisc. Tá troscán le fáil i bhformhór an

spáis atá ar fáil, rud a chiallaíonn nach féidir limistéar buan léiriúcháin a eagrú, rud a chuireann bac suntasach ar léiriúcháin grúpa.

Pléitear riachtanais acmhainní eile, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide agus eagrú a leithéid d'áiseanna, faoi cheannteidil ar leith anseo thíos.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Sainseomra ceoil le neart acmhainní agus trealaimh agus timpeallacht ábhair i bprionta, obair mac léinn san áireamh
- Cinntíonn dearadh agus leagan amach an tseomra gur féidir éagsúlacht suíomh teagaisc a shocrú
- Más féidir, ba cheart go mbeadh limistéar léiriúcháin ar leith sa seomra

### Ábhair imní

- Easpa sainseomra ceoil
- Easpa spás léiriúcháin ar leith
- Limistéir ainmnithe cheoil in úsáid do cheachtanna eile freisin

## 2.5 Acmhainní

Tá soláthar cuí acmhainní ríthábhachtach maidir le timpeallacht éifeachtach do theagasc agus d'fhoghlaim an Cheoil a chinntiú. Teastaíonn pleanáil mhaith fhadtréimhseach chun bailiúchán suntasach acmhainní a chruthú, cé go gcruthaíonn fáil, cothabháil agus athsholáthar trealamh dúshláin leanúnacha. Mar aon le hacmhainní ginearálta teagasc agus cóiríocht fheiliúnach, atá thuasluaite, ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ar liosta bunúsach acmhainní do cheachtanna ceoil - uirlisí seomra ranga, córas fuaimne, pianó, acmhainní éisteachta, bileoga agus téacsanna ceoil, agus clár cliath. Is deacair teacht ar chlár cliath atá ag obair mar is ceart, agus ar an drochuair is minic a bhíonn dearadh na hacmhainne seo lochtach agus mí-oiriúnach d'úsáid i scoileanna, de bhrí go mbíonn na meicníochtaí mí-oiriúnach d'úsáid laethúil nó go n-imíonn na línte ó radharc an-tapa. Ina ionad seo, d'fhéadfaí osteilgeoir a úsáid agus na cliatha a theilgean ar chlár bán nó ar scáileán atá sa seomra ranga cheana féin. Féadfar TFC a úsáid freisin chun nodaireacht cheoil a léiriú.

Bhí trealamh éisteachta agus acmhainní éisteachta éigin sna scoileanna ar fad ar tugadh cuairt orthu, agus bhí pianó agus foirm éigin de thimpeallacht ábhair i bprionta sna scoileanna ar fad freisin. Bhí éagsúlacht mhór le sonrú, áfach, in inúsáidteacht acmhainní eile, i dtéarmaí caighdeán agus cainníochta. Ba léir go raibh infheistíocht éigin déanta in acmhainní closamhairc, osteilgeoirí nó meáin léiriúcháin eile, ach níor tugadh a leithéid faoi deara ach i líon beag

scoileanna. Bhí pianó fuaimiúil le fáil i 36 scoil, cé nach raibh an bhail chéanna ar an bpianó i ngach scoil, agus bhí pianó digiteach in ionad pianó fuaimiúil i scoileanna eile. Ní mheastar gur dea-chleachtas é seo: cé go mbaineann buntáistí praiticiúla le pianó digiteach (ní gá é a thiúnadh mar shampla, agus tá sé inaistrithe), tá sé inmholta pianónna digiteacha a úsáid le cur le huirlisí déanta ceoil eile seachas iad a úsáid in ionad foinsí fuaimne níos traidisiúnta.

Tharraing a lán tuairiscí cigireachta aird ar roinnt easpaí bunúsacha acmhainní, cosúil le dallrú ó fhuinneoga an tseomra ranga, limistéir mhí-oiriúnacha theilgthe d'osteilgeoirí, cláir dhubha sheanchaite, pianónna nach mór iad a dheisiú, córais fuaimne ar dhroch-caighdeán, agus callairí suite in áiteanna mí-oiriúnacha. Ina theannta sin, mhol na cigirí nár cheart cailc-chláir a úsáid, de bhrí go bhféadfadh deannach na cailce damáiste a dhéanamh do threalamh leictreonach nó d'uirlisí ceoil.

Cé gur tugadh ardmholadh do scoileanna áirithe as an tiomantas a léirigh siad maidir le hacmhainní a fháil, cuireadh comhairle ar scoileanna maidir le conas déileáil le heaspaí éagsúla, ar a bhfuil cur síos anseo thíos.

Cuireadh go mór le hatmaisféar an tseomra ranga trí neart ábhar gairmiúil i bprionta a sholáthar agus obair cruthaithe ag na mic léinn féin. Léargas iad a leithéid sin de thaispeántais gur acmhainn úsáideach é ábhar amharc-spreagthach agus gur straitéis bhreise é le foghlaim a threisiú.

Tá an scoil le moladh as an tslí a bhfaightear acmhainní don roinn seo, bunaithe ar an líon beag mac léinn atá i mbun

staidéar a dhéanamh ar Cheol. Is den tábhacht é go luaitear go gcabhródh feabhas leanúnach sna hacmhainní infhaighte le spéis a chothú sa Cheol agus d'fhéadfadh sé a chinntiú go roghnódh níos mó mac léinn staidéar a dhéanamh ar Cheol.

Tá neart acmhainní sa seomra seo – osteilgeoir atá suite in áit fheiliúnach agus limistéar oiriúnach teilgthe a chiallaíonn nach mbíonn deacrachtaí ar bith ag na mic léinn é a fheiceáil. Ábhar inní amháin, áfach, é eagrú acmhainní teagasc eile sa seomra. . . Tá an córas fuaimne i gcúinne chlé an tseomra i gcófra stórála agus tá na callairí leagtha anuas ar a bharr, rud a chiallaíonn go bhfuil na foinsí éisteachta ar fad ag teacht ó threo amháin. Ina theannta sin, nuair a osclaítear doirse an chófra seo cuirtear isteach ar an gcomhartha cianrialúcháin. Tá stáisiún oibre an ríomhaire sa spás seo freisin. Ciallaíonn sé seo, do mhéid suntasach de gach ceacht, go mbíonn an teagasc ar fad ar siúl sa limistéar seo. Moltar gur cheart an seomra a atheagrú ar mhaithe leis an leas is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní. I measc na moltaí a rinneadh tá . . . cófra stórála a athdhearadh nó a athshuí leis an gcóras fuaimne ionas nach gcuirtear isteach ar an gcomhartha cianrialúcháin, agus ar an tslí sin bheadh an múinteoir in ann siúl mórthimpeall ar an seomra ranga. Chomh maith leis sin, moltar stáisiún oibre an ríomhaire a bhogadh go dtí cúl an tseomra áit a bhfuil soicéid agus níos mó spáis.

## 2.6 Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

Dúshlán do na ranna ceoil i bhformhór na scoileanna acmhainní TFC a fháil. Go ginearálta, bhí TFC faighte ag ranna ceoil ach bhí moill i gceist le huasghrádú nó trealamh nua a fháil. I measc an trealamh a bhí le feiceáil i seomraí ranga bhí bogearraí bunúsacha ríomhaireachta sa seomra ceoil agus raon leathan bogearraí suiteáilte sa seomra ríomhaireachta ar 15 meaisín, ar a laghad. Ba iad na cineálacha bogearraí ba choitianta a bhí in úsáid bogearraí a chomhlíon riachtanais mhodúl roghnach chlár na hArdteistiméireachta.

D'ainneoin fás sásúil san úsáid atá á baint as mar uirlis teagasc agus chumasaithe, agus go raibh foirm éigin de TFC i 33 scoil as an 45 scoil a ndearnadh cigireacht orthu, bhí éagsúlacht le sonrú i bhforbairt na hacmhainne seo, agus ní raibh teicneolaíocht ceoil in úsáid i gceachtanna ach i líon beag scoileanna. D'úsáid roinnt múinteoirí teicneolaíocht mar áis chun bileoga eolais agus ábhair cheoil a chur i dtoll a chéile, agus d'úsáid múinteoirí eile fós an t-idirlíon chun ábhar ranga a íoslódáil. Is minic a luaigh múinteoirí tagairtí do láithreáin ghréasáin le mic léinn, ach is lasmuigh den seomra ranga a rinneadh an obair seo den chuid is mó.

Moladh forbairt acmhainní TFC go leanúnach sna tuairiscí, agus aithníodh go forleathan nach raibh dóthain úsáide á baint as na hacmhainní cumhachtacha seo i gceachtanna ceoil.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Úsáid oiriúnach agus éifeachtach acmhainní
- Acmhainní faoi chothabháil agus nuashonraithe
- Rochtain ar raon maith acmhainní TFC, laistigh agus lasmuigh den seomra ranga ceoil

### Ábhair inní

- Suíomh acmhainní, go háirithe an pianó agus callairí don chóras fuaime
- Gan osteilgeoir a bheith ar fáil
- Easpa limistéir oiriúnaigh theilgte
- Cláir chliath ar dhroch-chaighdeán
- Forbairt lag ar acmhainní TFC in a lán scoileanna
- Gan dóthain úsáide á baint as acmhainní infhaighte TFC





# Caibidil 3

Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin



### 3.1 Pleanáil chomhoibríoch

Bhí dhá fhoirm faoi leith le tabhairt faoi deara i bpleanáil chomhoibríoch sna scoileanna a ndearnadh cigireacht orthu. Bhí ranna le níos mó ná múinteoir amháin in 22 scoil, agus bhí foirm éigin de phleanáil chomhoibríoch bunaithe laistigh de na ranna seo. Bhí pleanáil le haghaidh forbairt scoile déanta i bhformhór na scoileanna agus bhí dul chun cinn déanta ón bpleanáil churaclaim, a dhéileáil leis na croí-ábhair ar dtús, go dtí go raibh siad réidh le pleananna a bhunú do ranna na n-ábhar roghnach, Ceol mar shampla.

I dtéarmaí ginearálta, san áireamh sa chineál seo pleanála bhí cruinniú foirmiúil roinne amháin, ar a laghad, i rith na bliana, pleananna ginearálta ábhair do gach grúpa ranga, measúnachtaí coiteanna a úsáid, agus pleanáil a dhéanamh conas acmhainní a fháil. Choinnigh ranna áirithe miontuairisc cruinnithe, pleananna mionsonraithe, fardail, agus cuireadh pleananna i dtoll a chéile trí leas a bhaint as treoirlínte pleanála le haghaidh forbairt scoile maidir le pleanáil roinne ábhair. Rinneadh cur síos mar seo a leanas ar phleanáil i dtuairisc amháin:

Tacaíonn leibhéal maith de phleanáil chomhoibríoch le forbairt an Cheoil sa scoil seo. Áiríonn an phleanáil seo na prionsabail ábhartha churaclaim seo a leanas: léiriú, cumadóireacht agus éisteacht. Cuireadh clár chuimsitheacha oibre a thug léargas ar na hábhair a bhí le clúdach ar fáil. Bhain siad seo leis an siollabas agus le riachtanais na scrúduithe, agus d'áirigh siad sin leibhéal agus cumas na mac léinn i gceist. Soláthraíodh pleanáil ábhair le pleananna leathana do gach grúpa ranga, achoimre ar an obair atá le déanamh agus measúnachtaí

beartaithe. Pleananna críochnúla a bhí iontu seo. Ba léir gur caitheadh go leor ama ag obair orthu agus cinntíodh go raibh na pleananna suimiúil agus dúshlánach do mhic léinn.

Cé gur léir do mhúinteoirí go mbaineann luach áirithe leis an leibhéal pleanála seo, thug na cigirí faoi deara nach raibh sé ach ina thús, agus go dtarlaíonn formhór den chomhoibriú ar bhonn neamhfhoirmiúil.

#### Tréithe an dea-chleachtais

- Cothromaíocht mhaith idir pleanáil foirmiúil agus neamhfhoirmiúil chomhoibríoch
- Pleanáil chomhoibríoch laistigh den roinn ceoil agus le ranna ábhair eile

#### Ábhair imní

- Aonrú gairmiúil i ranna nach bhfuil ach múinteoir amháin iontu
- Pleanáil chomhoibríoch neamhfhoirmiúil agus gan taifead ar bith a choinneáil

San áireamh sa chineál eile pleanáil chomhoibríoch bhí an múinteoir ceoil ag obair le ranna ábhair eile do sheónna, gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid agus imeachtaí eile a bhíonn ar siúl i rith na scoilbhliana agus a raibh baint éigin ag Ceol leo. Ba spéisiúil an ní é gur sna scoileanna sin nach raibh ach múinteoir ceoil amháin iontu bhí an tóir is mó ar an gcineál seo pleanála. Ní hamháin gur chabhraigh sé seo le haonrú gairmiúil a chosc, chabhraigh sé le héiteas comhghleacúil a fhorbairt laistigh den scoil.

## 3.2 Pleanáil aonair

I bhformhór na gcásanna dhear múinteoirí aonair pleananna aonair, agus bhí na pleananna pearsanta seo bunaithe ar stíl oibre aonair an mhúinteora. Go ginearálta, bhí na pleananna ar aon dul le siollabais agus riachtanais na scrúduithe agus go minic is éard a bhí i gceist leo creat den obair a bhí le clúdach i rith téarma áirithe nó sa bhliain trí chéile. Dhírigh na pleananna aonair is fearr ar mhodhanna teagaisc agus ar thorthaí foghlama, ach is annamh a bhí pleananna den sórt seo le fáil. Go ginearálta, níor choimeád múinteoirí taifead ina bpleananna scríofa ar na modhanna a d'úsáid siad le linn dóibh a bheith ag teagasc.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Pleananna dírithe ar mhodhanna teagaisc agus ar thorthaí foghlama

### Ábhair imní

- Go leor pleananna nach raibh iontu i ndáiríre ach liostaí ginearálta a bhí in úsáid ó bhliain go bliain

## 3.3 Cáipéisí pleanála

Bhí formhór na scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu ag baint úsáide as foirm éigin de phleananna scríofa ar aon dul le forbairt leanúnach rann ábhair agus pleananna ábhair. Sa chás gur aimsíodh dea-chleachtas, d'áirigh na pleananna seo na nithe seo a leanas:

- pleanáil fhadtréimhseach, le cláir oibre do gach bliainghrúpa mar aon le liosta comhaontaithe ábhar, áit ar cuí
- scéimeanna oibre atá deartha do gach bliainghrúpa agus
  - a bhí ar aon dul le riachtanais churaclaim
  - a cheadaigh comhtháthú idir léiriú, cumadóireacht, agus éisteacht
  - a d'aithin modhanna oiriúnacha teagaisc, acmhainní, cleachtadh obair bhaile agus modhanna measúnachta
- cumas na mac léinn a chur san áireamh
- úsáid a bhaint as raon leathan acmhainní
- ábhar ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar threoir seachas pleanáil a bhunú air
- athbhreithniú rialta ar chlár agus ar scéimeanna oibre.

Tharraing na cigirí aird ar roinnt samplaí iontacha pleanála.

Cuireadh clár chuimsitheacha oibre a thug léargas ar na hábhair a bhí le clúdach ar fáil. Bhí baint acu seo leis na siollabais agus le riachtanais na scrúduithe, thug siad aird ar na prionsabail ábhartha churaclaim – léiriú, cumadóireacht agus éisteacht; d'áirigh siad cumas na mac léinn i gceist freisin. San áireamh sa phleanáil ábhair do gach grúpa ranga, bhí achoimre den obair a cuireadh i gcrích, bileoga measúnachta

agus bileoga oibre, mar aon le stoc eagraithe agus cuimsitheach d'ábhar tacaíochta feiliúnach do gach leibhéal.

Bunaithe ar phlé le múinteoirí, ba léir gur caitheadh go leor ama ag machnamh ar sheachadadh cruinn agus éifeachtach na gcúrsaí ceoil ar fad sa scoil. Bíonn teagmháil rialta ag múinteoirí lena chéile agus comhoibríonn siad lena chéile trí áiseanna agus acmhainní a roinnt agus cur i bhfeidhm laethúil na siollabas sna ranganna atá acu. Is léir go bhfuil pleanáil mhaith ar bun sa tsraith shóisearach le seicheamhú ciallmhar ábhair, agus gnéithe den chúrsa á gclúdach ag amanna tráthúla i rith an chúrsa dhá bhliain.

Cé go raibh cáipéisí pleanála i bhformhór na scoileanna, is ar éigin a bhí a lán den phleanáil seo ag teacht le dea-chleachtas. Bhí formhór na gcáipéisí seo ábhar-bhunaithe agus rinneadh cur síos iontu ar an obair chúrsa a bhí le déanamh, ach is annamh a bhí réasúnaíocht ar bith luaite maidir leis an gcúis a bhí le réimsí áirithe a chlúdach ag amanna ar leith in ord forásach. Bhí a leithéid d'ord a bhfuil cuspóir leis san áireamh gann go maith, mar aon le sonraí maidir leis an méid ama a cuireadh ar leataobh d'ábhair ar leith, acmhainní a bheadh in úsáid, agus modhanna measúnaithe a bheadh in úsáid. I scoileanna ina raibh srian ar an méid ama a bhí curtha ar leataobh do Cheol, bhí tionchar ag easpa ama ar an gcothromaíocht idir obair chúrsa agus taithí oideachais cheoil, agus bhí deacrachtaí ag múinteoirí fiú amháin pleanáil a dhéanamh bunriachtanais na scrúduithe Stáit a chomhlíonadh. Bhí an méid seo a leanas le fáil i dtuairisc ó scoil den chineál sin:

Rinne an cháipéisíocht phleanála athbhreithniú ar na cláir oibre shonraithe agus leagadh dóthain ama ar leataobh do gach

ábhar ach ní raibh scóip ar bith ann d'athchualú, d'atreisiú nó do chomhdhlúthú. Léargas ar iarracht an mhúinteora go gclúdaítear na cúrsaí, ach is annamh a fhaigheann mic léinn taithí ar ghníomhaíochtaí lánbhír déanta ceoil, de bhrí go dteagasctar gach rud bunaithe ar an scrúdú agus ní fhaightear deis iniúchadh a dhéanamh ar bhunbhír an Cheoil. Ciallaíonn na dianchláir oibre seo sna ranganna aonair gur beag deis a bhíonn ann d'fhorbairt cheoil agus tionscnamh cruthaitheach. Is beag deis a bhíonn ag mic léinn a dtaithe cheoil a inmheánú agus a chomhtháthú. Tá sé seo i gcodarsnacht le prionsabail bhunúsacha oideachais cheoil agus foghlama go ginearálta. Tá baol ann i gcónaí, sna sraitheanna sóisearacha agus sinsearacha, nach mbeidh níos mó ná leibhéal bunúsach inniúlachta ag na mic léinn i dtéarmaí na tuisceana atá acu agus úsáid an eolais; ábhar imní ar leith é seo.

Bhí fianaise ann cé go raibh tús curtha le bunú an phróisis phleanála i scoileanna, nach raibh tuiscint cheart ag múinteoirí ar an tábhacht a bhain le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na pleananna seo. Dúirt na cigirí nach mór do scoileanna agus ranna ceoil athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar a bpleananna go rialta agus go córasach ionas go mbeidh ábhair na bpleananna oiriúnach agus go mbeidh cuspóir ag baint leo. Is den tábhacht é gur féidir aidhmeanna agus cuspóirí a athrú de réir mar a leantar leis an obair, agus ba cheart go mbeadh sé indéanta athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna uile bunaithe ar thaithe nua agus imthosca athraitheacha.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Pleanáil fhadtréimhseach, le cláir oibre do gach bliainghrúpa agus liosta comhaontaithe ábhair, áit ar cuí
- Scéimeanna oibre atá deartha do gach bliainghrúpa agus
  - atá ar aon dul le riachtanais churaclaim
  - a cheadaíonn comhtháthú idir léiriú, cumadóireacht, agus éisteacht
  - a dhéanann cur síos ar mhodhanna oiriúnacha teagaisc, acmhainní, cleachtadh obair bhaile agus modhanna measúnachta
- Pleanáil a chuireann cumas na mac léinn san áireamh
- Forbairt raon leathan acmhainní
- Ábhar ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit a úsáid mar threoir seachas le pleanáil a threorú
- Athbhreithniú rialta ar chlár agus ar scéimeanna oibre

### Ábhair imní

- Pleananna atá bunaithe ar ábhair trí chéile
- Gan réasúnaíocht ar bith a bheith luaite le réimsí áirithe a chlúdach ag amanna ná in ord forásach
- Is annamh a bhíonn ord ciallmhar ábhair i gceist
- Easpa córas foirmiúil athbhreithnithe

## 3.4 Pleanáil don forbairt ghairmiúil leanúnach

D'áirigh formhór na gcáipéisí pleanála a d'athbhreithnigh na cigirí tagairt do pheanáil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach (CPD). Aithníodh i bhformhór na bpleananna go raibh gá le breis oiliúna i TFC chun úsáid a bhaint as acmhainní teicneolaíocha le dul i bhfeidhm ar lucht féachana níos mó agus ní hamháin ar mhaithe le riachtanais an mhodúil roghnaigh teicneolaíochta san Ardteistiméireacht a chomhlíonadh. Thuairiscigh na cigirí go dtacaíonn an lucht bainistíochta leis an riachtanas a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach agus cinntíodh go bhféadfaí freastal ar a leithéid sa chás go raibh a leithéid indéanta agus cothromasach sa chomhthéacs scoile.

Tacaíocht luachmhar do mhúinteoirí a thug na cigirí faoi deara ba ea ballraíocht i gCumann na Múinteoirí Ceoil Iarbhunoideachais (CMCIB) (PPMTA). D'éascaigh sé seo idirmhalartú bisiúil smaointe agus plé ghairmiúil, rud ar bhain tábhacht ar leith leis i gcás múinteoirí Ceoil - múinteoirí ar chuir aonrú isteach orthu go minic de bhrí gur minic gur bhain siad le roinn aon mhúinteora amháin. Chomh maith leis sin, chabhraigh sé le CPD múinteoirí trí nuachtlitreacha tráthúla agus cur leis an eolas atá ag múinteoirí ar fhorbairtí in oideachas ceoil agus aird múinteoirí a tharraingt ar chúrsaí a bheidh á reáchtáil amach anseo. Tharraing na cigirí aird ar an raon gníomhaíochtaí, cruinnithe agus ar an oiliúint inseirbhíse a sholáthraíonn CMCIB agus an tslí ar chabhraigh

sé seo le líonrú smaointe agus tús a chur le modhanna nuálacha teagaisc ceoil. De bhrí gur léir go bhfuil baint ag os cionn leath de na scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu leis an gcumann, spreagadh ballraíocht i CMCIB áit ar cuí.

Is baill de Chumann na Múinteoirí Ceoil Iar-bhunoideachais (CMCIB) iad na múinteoirí ceoil agus trí fhreastal ar chruinnithe an chumainn cinntítear go mbíonn an t-eolas is déanaí acu maidir le hoideachas ceoil ag an dara leibhéal, mar aon leis an eolas is déanaí faoi nuálaíocht leanúnach churaclaim agus deis a bhíonn ann freisin teagmháil a chothú le múinteoirí eile ceoil. Ina theannta sin, freastalaíonn na múinteoirí ar chúrsaí leanúnacha oiliúna a chuireann lena bhforbairt ghairmiúil leanúnach (CPD). Tá ardmholadh tuillte ag an gcumann seo agus táthar ag súil go leanfaidh an lucht bainistíochta ag tacú agus ag éascú deiseanna ar bith do CPD in oideachas ceoil amach anseo.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Ballraíocht in CMCIB
- Fianaise go bhfuil pleanáil le haghaidh CPD ar bun

### Ábhair imní

- Easpa teagmhála le cumann an ábhair
- Deiseanna teoranta le haghaidh CPD



# Caibidil 4

Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

## 4.1 Modheolaíocht ghinearálta

Anneoin srianta curaclaim agus scrúdaithe, ba cheart go n-áireodh príomhaidhmeanna an mhúinteora ceoil béim láidir ar an ról atá ag Ceol agus deis a thabhairt do mhic léinn a bheith páirteach i ndéanamh ceoil agus taitneamh a bhaint as an ngné phraiticiúil a bhaineann le déanamh ceoil.

Classroom work should be about music-making . . . and in the forefront of all activities, the development of aural sensitivity and awareness. (Paynter, 1982, lch. 28)

I gceachtanna ar éirigh go breá leo a raibh cigirí i láthair acu, tugadh faoi deara go raibh sintéis agus comhtháthú idir na trí réimse churaclaim seo a leanas: léiriú, cumadóireacht, agus éisteacht. Cruthaíodh nasc fheiliúnacha laistigh agus lasmuigh den churaclam ceoil, agus d'éirigh thar cionn leis na nasc áit ar cuireadh ábhar in iúl trí ceoil a sheinm do na mic léinn, gur athraigh na mic léinn an ceol agus ansin gur sheinn siad é, agus ina dhiaidh sin uile, thug na mic léinn faoi gníomhaíocht chumadóireachta chun an méid a d'fhoghlaim siad a chomhdhlúthú. Seo a leanas an cur síos a rinneadh ar shampla i scoil amháin:

Baineadh an-úsáid as straitéisí chun gnéithe den churaclam a nascadh, go háirithe trí úsáid a bhaint as gnéithe oiriúnacha praiticiúla. I gceacht amháin a bhí dírithe ar amhrán sonraithe ón gcatagóir dar teideal Amhrán ó na Ceoldrámaí, Mion-Ceoldrámaí, Cantáidí, Oratóirí agus Ceoldrámaí Stáitse mar shampla, cruthaíodh nasc leis an léiriúchán is déanaí a rinneadh de *Les Misérables*. De bhrí go raibh an ceoldráma feicthe ag a lán mac léinn, cruthaíodh nasc dháiríre idir an ceoldráma seo agus gnéithe de shiollabas an Teastais

Shóisearaigh. D'éirigh go breá leis an múinteoir eolas a fháil ó na mic léinn agus nasc a chruthú lena dtaithí féin d'fhonn na coincheapa a pléadh sa rang a threisiú. Ina theannta sin, d'fhéach mic léinn ar shleachta ar DVD, d'éist siad le sleachta deasa, rinne siad staidéar ar bhróisiúir agus ar chláir ó cheoldrámaí éagsúla, labhair siad ar a dtaithí féin ar bhreathnú ar sheónna difriúla agus, i ndiaidh plé suimiúil inar nocht na mic léinn tuairimí suimiúla, d'éirigh leo na ceoldrámaí éagsúla a chur i gcatagóirí éagsúla — operetta, ceoldráma etc. San áireamh sa repertoire a cuireadh os comhair na mac léinn bhí píosáí cosúil le *Don Giovanni*, *The Magic Flute* agus *Così Fan Tutte*, *Calamity Jane*, *Jesus Christ Superstar*, *The Wizard of Oz* agus *Grease*.

Sna cásanna ar cloíodh le dea-chleachtas, bhunaigh múinteoirí nasc churaclaim agus thraschuraclaim ar bhealaí éagsúla mar is léir ó na samplaí anseo thíos:

Nuair a bhí *Trumpet Concerto* de chuid Haydn á chur i láthair mar chuid de repertoire an rogha catagóir éisteachta Ceol Gutha agus Uirlise le Tionlacan Ceolfhoirne, cruthaíodh nasc idir an ceoltóir ar an bhfiseán (Wynton Marsalis) agus fógra a bhí ag iPod le déanaí (Sparks), fógra a bheadh feicthe ag na mic léinn.

Nuair a bhíodas ag dul siar ar *Vltava* (Moldau River) Smetana, cruthaíodh nasc le haibhneacha áitiúla agus ceacht obair bhaile a d'iarr ar mhic léinn cur síos a dhéanamh ar an gcineál ceoil a d'úsáidfidís chun cúrsa ceachtar de na haibhneacha seo a léiriú. Tá ardmholadh tuillte as nasc a chruthú idir gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn agus cinntíonn a leithéid forbairt leathan ceoil seachas díriú ar ábhar scrúdaithe amháin. B'fhiú freisin leas a bhaint as cur chuige cluaséisteachta i leith na dtascanna seo – cur chuige ina bhféadfadh na mic léinn fuaimdhreacha de na haibhneacha a chruthú seachas cur síos ó bhéal a dhéanamh. Chiallódh sé seo go mbeadh breis comhtháthaithe agus sintéise indéanta

idir na trí réimsí seo a leanas: léiriú, cumadóireacht agus éisteacht.

Bhain múinteoirí úsáid as an gcur chuige "fuaim roimh chomhartha", a chiallaíonn go bhfuil an bhéim ar fhuaimneanna seachas ar chomharthaí nodaireachta.

Tugadh samplaí de dhea-chleachtas modheolaíoch ceoil faoi deara . . . le béim ar "fuaim roimh chomhartha" is cuma más amhlaidh go raibh an ceacht bunaithe ar léiriú, cumadóireacht, éisteacht nó sintéis den trí réimse churaclaim. Bhí na hábhair ullmhaithe go maith agus d'fheil an modh teagaisc do na mic léinn ar fad. D'éirigh leis na múinteoirí suim na mac léinn san ábhar a mhúscailt trí úsáid a bhaint as sleachta tráthúla, cur chuige samhlaíoch, agus tionscnaimh chruthaitheacha.

Cúis díomá do na cigirí, áfach, ba ea go raibh teicnící traidisiúnta "skill and drill" in úsáid in a lán ceachtanna, mar aon le ceachtanna bunaithe ar chleachtaí meicniúla gan tagairt ar bith d'fhuaim.

D'fhonn foghlaim a bharrfheabhsú, moltar taiscéaladh a dhéanamh ar bhealaí . . . a d'fhéadfaí a leathnú chun níos mó rannpháirtíochta gníomhaí a áireamh ó mhic léinn. I gcásanna áirithe, de bhrí go raibh an iomarca béime ar chleachtaí meicniúla agus nádúr teoiriciúil an Cheoil rinneadh neamhaird ar an bpríomhchuspóir. Bhí nós ann déileáil le coincheapa droim ar ais, ag tabhairt an eolais ar dtús agus ansin na fuaimneanna ag seinm an Cheoil.

Bhí meascán de chleachtas oiriúnach modheolaíoch ceoil le tabhairt faoi deara in a lán scoileanna ar tugadh cuairt orthu. I bhformhór na ranganna ar fhreastail cigirí orthu baineadh úsáid as raon de mhodhanna ginearálta; de mhodhanna a

mbeifí ag súil leo i gceachtanna éifeachtacha. Ar an iomlán, bhí struchtúr maith ar cheachtanna, bhí luas na gceachtanna oiriúnach agus clúdaíodh meascán ábhair sna ceachtanna. Go ginearálta bhí atmaisféar dearfach sa seomra ranga, le caidreamh deas, cairdiúil idir na múinteoirí agus na mic léinn. Bhíothas ag súil le hardleibhéil ghnóthachtála agus iompair i bhformhór na gcásanna, agus ba léir go raibh suim ag na mic léinn san ábhar, agus go raibh dearcadh dearfach acu i leith an Cheoil. Is iondúil go raibh foirm éigin ransaithe smaointe i gceist le gníomhaíochtaí tosaigh, achoimre ghairid ar ábhar a clúdaíodh i ranganna roimhe sin, agus ceistiúchán ísealoird, a chiallaigh go bhféadfadh na mic léinn ar fad a bheith páirteach i ngníomhaíocht éigin beag beann ar chumas. I gceachtanna a raibh sé mar aidhm leo dul siar ar an ábhar a bhí foghlamtha go dtí seo, leanadh le dea-chleachtas sna cásanna sin inar ghlac múinteoirí agus mic léinn páirt i ngníomhaíochtaí déanta Ceoil, seachas athchuidiú uathoibríoch ar ábhar fórasach.

Tréith a bhain le teagasc maith ba ea cumas na mic léinn uile a spreagadh agus a mhúscailt trí ngníomhaíochtaí dea-struchtúrtha agus éagsúla. Tugadh léargas iontach ar a leithéid i rith seisiúin dul siar mar shampla, seisiún atá bunaithe ar mhúnla thráth na gceist boird agus a d'áirigh gach uile réimse de chatagóir Cheol Traidisiúnta na hÉireann don Teastas Sóisearach agus baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní d'fhonn a chinntiú go raibh na mic léinn uile páirteach san fhoghlaim agus gur thuig siad an méid a bhí á fhoghlaim acu. Sna ceachtanna ar fad ar fhreastail cigirí orthu, bhí rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn le sonrú san obair phraiticiúil agus/nó sna gníomhaíochtaí gearra ar bhileoga oibre.



Bionn tionchar dearfach ag eolas agus scileanna an mhúinteora ar phróiseas smaointeoireachta na mac léinn, dearcaí agus scileanna ceoil mac léinn, agus nuair a baineadh úsáid as gníomhaíochtaí éisteachta, áiríodh raon leathan sleachta suimiúla ceoil. Sleachta cáiliúla ceoil a úsáideadh den chuid is mó agus sleachta ceoil a thaitin leis na mic léinn, My Heart Will Go On, Ode to Joy, Moonlight Sonata, My Baby Just Cares for Me agus roinnt port traidisiúnta Éireannach ina measc. Tá straitéisí mar seo a chuireann le taithí ceoil mac léinn thar a bheith éifeachtach i ndáil le scileanna tábhachtacha éisteachta a fhorbairt, agus go deimhin tá straitéisí den sórt seo le moladh.

Cruthaíodh naisc mhaithe idir cuid de na sleachta agus ceol a sheinn mic léinn mar chuid den chleachtadh cóir, agus idir coincheapa teicniúla ceoil agus cuid de na sleachta ceoil a seinneadh.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Straitéisí agus modhanna éagsúla teagaisc in úsáid
- Teagasc soiléir, beacht an mhúinteora
- Atmaisféar dearfach
- Comhtháthú idir na trí réimsí curaclaim - léiriú, cumadóireacht, agus éisteacht
- Úsáid chomhsheasmhach á baint as an gcur chuige "fuaim roimh chomhartha"

### Ábhair inní

- Ní i gcónaí a bhí béim ar éisteacht le sonrú i gceachtanna
- Míchothromaíocht idir díriú ar an scrúdú agus forbairt an cheoil

## 4.2 Cúpla cur chuige dírithe ar an dalta

D'fhonn an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an toradh foghlama i gcásanna seachas ullmhúchán do na scrúduithe praiticiúla, bhain beagán le cois leath de na scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu leas as cineál éigin de chur chuige mac léinn-lárnach, macasamhail obair i mbeirteanna agus obair ghrúpa mar is léir ón sampla seo a leanas:

I gceacht a bhí dírithe ar choincheapa rithimiúla a thuiscint, léirigh na mic léinn an tuiscint a bhí acu ar phatrún simplí trína mbosa a bhualadh. Ansin tugadh bileog eolais do na mic léinn le patrún rithimiúil trí pháirt agus rinneadh an ceacht leis na mic léinn. Thug na mic léinn léargas ar na trí pháirt i ndiaidh a chéile trína mbosa a bhualadh sular roinneadh na mic léinn i dtrí ghrúpa. Mhínigh an múinteoir gur rothlam a bhí i gceist leis an stíl cheoil seo. Ar an tslí seo, d'fhoghlaim mic léinn faoin stíl nua ceoil seo trí éisteacht. Ansin áiríodh cnaguirlisí sa cheacht agus ba léir gur bhain na mic léinn an-taitneamh as an tasc.

Cé go raibh rannpháirtíocht na mac léinn go maith i bhformhór na gcásanna, chuaigh deiseanna chun atmaisféar d'fhoghlaim fhéinriartha a chruthú le sruth de bhrí go ndeachaigh múinteoirí i muinín modhanna teagascacha níos traidisiúnta, le béim ar an múinteoir ag labhairt. Chonaic na cigirí samplaí de cheachtanna maithe ina raibh idirghníomhaíocht idir piaraí agus foghlaim chomhoibríoch agus neamhspleách:

Bhí ceachtanna a bhí dírithe ar ábhar do na scrúduithe Stáit éifeachtach de bhrí gur ghlac mic léinn páirt i ngníomhaíochtaí

cosúil le páirteanna a ullmhú le léiriú; rinneadh cleachtadh ar na píosaí seo, nó i gcás amháin spreagadh mic léinn lena bpáirteanna féin a chumadh agus a chruthú agus ansin iad a sheinm. I gceacht amháin, cruthaíodh nasc idir an obair ar fad nuair a rinne mic léinn comparáid idir a léiriú féin agus an taifeadadh bunaidh, sa chás seo *When I'm 64* leis na Beatles. Cleachtas inmholta é seo.

Is éard a bhí i gceist le gníomhaíocht eile comparáid a dhéanamh idir na trí léiriúchán den amhrán *One* mar a chan U2, Johnny Cash agus Mary J. Blige é. Le linn dóibh a bheith ag éisteacht leis na sleachta seo, d'fhreagair na mic léinn ceisteanna ar bhileog oibre. Ceisteanna oscailte a bhí i gceist a chiallaigh go bhféadfadh tuairimí mac léinn dul i gcion ar an bplé ar na trí léiriúchán seo. Thagair na mic léinn go heolasach do na mothúcháin dhifriúla a spreag na léiriúcháin a chuala siad agus lean siad orthu lena dtaibhiú féin, a neartaigh agus a chomhdhlúthaigh an ghníomhaíocht.

I gceacht a bhí dírithe ar rithim mar shampla, spreagadh mic léinn le cineálacha éagsúla patrúin a mholadh agus ansin na patrúin a scríobh ar an gclár bán. Ina dhiaidh sin, úsáideadh na patrúin deiridh chun an fhoghlaim a threisiú agus a chomhdhlúthú trí cheistiúchán agus léiriúchán - na mic léinn agus an múinteoir. San áireamh san ábhar tacaíochta bhí "bailliúcháin rithime" na mac léinn – deis a bhí anseo do mhic léinn patrúin a sheinn an múinteoir a aithint trí thagairt dá mbailiúcháin féin.

Bhí difreáil le tabhairt faoi deara sa chás go raibh obair ar leibhéil a d'fheil do chumas na mac léinn tugtha do mhic léinn a bhí ar leibhéil dhifriúla ghnóthachtála, agus bhí ranganna scrúdaithe ag obair ar ghnéithe difriúla ar na seanpháipéir scrúdaithe gnáthleibhéil agus ar leibhéil, agus ag an am céanna tagairt á déanamh acu do scéimeanna marcála na Roinne.

D'éirigh go breá le modhanna a spreag úsáid a bhaint as saineolas agus buanna ar leith na mac léinn, maraon lena a mbuanú sa phróiseas foghlama, rud a cheadaigh don mhúinteoir ról éascaitheora agus cuiditheora a ghlacadh, mar is léir ón sampla seo a leanas:

Bhí sampla d'fhoghlaim piaraí le tabhairt faoi deara nuair a ghlac na mic léinn páirt sa teagasc. De bhrí nach raibh tuiscint iomlán chruinn ag na mic léinn ar conas na cineálacha damhsa Éireannaigh a aithint, d'iarr an múinteoir ar bheirt mhac léinn roinnt samplaí a sheinm ar an gcairdín agus ar an mbainseó. Ansin "cheistigh" na mic léinn seo na mic léinn eile d'fhonn a chinntiú gur fhoghlaim siad conas idirdhealú idir na cineálacha éagsúla damhsa Éireannaigh, port agus cornphíopa sa chás seo. Tá ardmholadh tuillte ag an modh a cuireadh i bhfeidhm anseo. Lena chois sin, tá an t-atmaisféar seo d'fhoghlaim fhéinriartha – an múinteoir ag feidmiú mar éascaitheoir agus cuiditheoir – le moladh agus ciallaíonn sé go nglacann na mic léinn freagracht áirithe as a bhfoghlaim féin.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Bhí na mic léinn ar fad páirteach sna ceachtanna agus bhain siad taitneamh astu
- Úsáideadh straitéisí difriúla foghlama, lena n-áirítear foghlaim trí ghníomhaíocht, piarfhoghlaim agus foghlaim neamhspleách

### Ábhair inmí

- Ní raibh obair i mbeirteanna agus obair ghrúpa le tabhairt faoi deara ach i mbeagán le cois leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu

## 4.3 Gníomhaíochtaí déanta ceoil

Ní féidir aidhm bhunúsach an oideachais cheoil a chomhlíonadh ach amháin nuair a leagtar an bhéim ar ghníomhaíochtaí déanta ceoil sa seomra ranga.

Is fearr teagasc an Cheoil a eagrú, go háirithe sna blianta scoile, trí thaithí dhíreach ar na trí phríomhghníomhaíocht cheoil. (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1991, lch. 3)

Bealaí lánbhíri agus cruthaitheacha chun foghlaim an cheoil a eagrú iad léiriú, cumadóireacht agus éisteacht. Féadfar cur chuige gutha agus/nó ionstraimeach a ghlacadh ina leith. Trí rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn sna tascanna ceoil seo cothaítear dearcadh dearfach agus muiníneach san ábhar. (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1997, lch. 22)

Ábhar misnigh ba ea i gcás leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu go raibh na ceachtanna ar fad bunaithe ar ghníomhaíochtaí déanta ceoil, rud a chinntigh nach raibh an iomarca béime ar an múinteoir a bheith ag labhairt agus teagasc teagascach. Sna ceachtanna sin ar éirigh go breá leo, leagadh an bhéim ar chur leis an ról ag atá ag Ceol mar ábhar agus deis a thabhairt do mhic léinn páirt a ghlacadh agus taitneamh a bhaint as ceol a dhéanamh.

D'úsáid na múinteoirí níos cumasaí na modhanna seo chun gnéithe áirithe den cheol a tharraingt isteach sa scéal, gnéithe cosúil le tondath, uigeacht, agus foirm, chun eolas nua a thabhairt do na mic léinn, agus a chinntiú nár ligeadh an

aidhm bhunúsach i ndearmad. Seo a leanas an cur síos a rinneadh ar an gcleachtas seo i dtuairisc amháin:

I rith an ranga, leanadh leis an mbéim a leagan ar ghnéithe déanta ceoil a raibh baint lárnach acu leis an bpróiseas foghlama. Phléigh mic léinn agus a múinteoirí na réitigh fhéideartha, agus rinneadh cinntí bunaithe ar éisteacht chúramach seachas ar na paraiméadair theoiriciúla a fhírinniú. Bhí ráitis ar nós "Éist leis arís agus ansin inis dom cad a cheapann sibh" le cloisteáil go minic, agus sheinn mic léinn raon cordaí ar ghiotáir agus ar an bpianó agus ag an am céanna thug siad tuairimí suimiúla maidir le feiliúnacht na réimnithe seo. Nuair a rinneadh na cinntí, tugadh faoi chleachtadh léirithe, chun an obair ar fad a chomhdhlúthú agus na trí ghné - léiriú, éisteacht agus cumadóireacht - a chomhtháthú.

Fiú amháin le linn a bheith ag ullmhú do na scrúduithe Stáit, thapaigh múinteoirí cumasacha deiseanna léirithe go rialta mar is léir ó na samplaí seo a leanas:

Déileáladh le forbairt scileanna le tabhairt faoin gceist deachtaithe i scrúdú an Teastais Shóisearaigh ar bhealach a bhí dírithe ar an gceol seachas go meicniúil. Tá ardmholadh tuillte ag an gcur chuige seo mar go gciallaíonn sé gur féidir an bhéim a leagan ar cheol seachas ar na hoirbheartaíochtaí "skill and drill" a bhaineann leis seo go hiondúil. Thug an múinteoir dóthain treorach do na mic léinn le cur ar a gcumas déileáil leis an bpatrún a thuiscint agus bhí fáilte i gcónaí roimh thuairimí mhic léinn agus tugadh aitheantas dá leithéid. Chinntigh an múinteoir go ndeachaigh an rang siar ar an ábhar trí dheis a thabhairt do na mic léinn uile na n-amhrán a sheinn. Chuir tionlacain tacúla agus cinntitheacha ón múinteoir agus na mic léinn ar an bpianó, giotár agus drumáí go mór le caighdeán na seanma agus na hamhránaíochta, rud atá inmholta. I ndiaidh amhrán cosúil le *Amhrán na Cuiginne*, *Click Go the Shears*, *Yesterday* agus *Can't Help Lovin' Dat Man*

a sheinm, ceistíodh na mic léinn maidir leis na gnéithe ar leith a bhain le gach amhrán, agus chuir an múinteoir le freagraí na mac léinn freisin.

Ábhar machnaimh ba ea an ceacht ar cheol Afracach. Tugadh mioneolas do na mic léinn maidir leis an gceol agus maidir leis na ceoltóirí. D'éist mic léinn le ceithre phíosa oiriúnacha agus éagsúla ceoil agus ansin d'fhreagair siad ceisteanna ar bhileog oibre. . . Bhí deiseanna ag na mic léinn ceol a sheinm i rith an cheachta, gné a chabhraigh le suim na mac léinn a chothú i rith an ranga.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Béim ar thaithí phraiticiúil déanta ceoil
- Caighdeán maith déanta ceoil sa scoil

### Ábhair inní

- Easpa taithí phraiticiúil déanta ceoil

## 4.4 Úsáid acmhainní agus ábhair tacaíochta

Is é an córas fuaime an acmhainn is minice a úsáidtear i gceachtanna ceoil. Baineadh an úsáid is éifeachtaí as an gcóras fuaime sna ceachtanna sin a raibh sleachta oiriúnacha ullmhaithe roimh ré (sleachta a bhféadfaí iad a athsheinm) agus nuair a bhain an múinteoir úsáid as an gcanrialtán rud a chiallaigh go bhféadfadh an múinteoir gluaiseacht timpeall an tseomra ranga agus súil a choinneáil ar dhul chun cinn agus obair na mac léinn.

Bhí raon uirlisí éagsúla le fáil i bhformhór na scoileanna, cnaguirlisí den chuid is mó, ach i gcásanna go leor is mar uirlis teagaisc a bhí na cnaguirlisí in úsáid, seachas mar uirlis léirithe. Úsáideadh an pianó mar uirlis tacaíochta chun críche léargais agus mar thionlacan do léiriúcháin. Ní raibh mórán seomraí ranga sách mór le deis a thabhairt do mhic léinn bailiú timpeall ar an bpianó nuair a bhí gá lena leithéid. Sa chás go raibh an pianó suite sa tslí go raibh an múinteoir ag breathnú amach ar na mic léinn, áfach, sáraíodh an míbhuntáiste seo agus tharla idirghníomhaíocht idir an múinteoir agus na mic léinn gan mhoill. I gcás na múinteoirí sin a raibh sainseomra ceoil acu a chiallaigh go bhféadfaí mic léinn a chur ina suí ag seastáin cheoil nó ina raibh limistéir ina bhféadfaí stáisiúin oibre chumadóireachta agus léiriúcháin a bhunú go tapa agus go héifeachtach.

Baineadh úsáid éifeachtach as spás an tseomra ranga, agus, go sonrach, leagadh béim ar an tábhacht a bhain le staidiúir cheart i ngach rang. D'úsáid mic léinn shóisearacha seastáin cheoil a bhí os comhair na ndeasc, agus sheas mic léinn níos sine ar na céimeanna cóir le linn dóibh a bheith ag seinm in ensembles. Tugtar ardmholadh don dea-chleachtas seo.

Baineadh úsáid as trealamh closamhairc anois is arís do ghearrthóga fise nó sleachta DVD. Bhí go leor de na sleachta sách gearr, agus mura raibh áiseanna feiliúnacha fiseáin nó DVD sa seomra ranga mhothaigh na múinteoirí nach fiú an trealamh a chur in áirithe don cheacht iomlán de bhrí go mb'fhéidir nach mbeadh an trealamh in úsáid ach ar feadh achar gearr ama. Nuair ba ghá, áfach, baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní closamhairc, bhí bileoga oibre

ullmhaithe agus bhí dóthain idirghníomhaíochta leis na mic léinn.

Nuair a baineadh úsáid as osteilgeoir nó fearas léiriúcháin eile, mar shonrathailgeoir, d'éirigh go breá leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. De bhrí nár úsáid fiú leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu osteilgeoir nó sonrathailgeoir de chineál éigin, áfach, moladh in a lán tuairiscí gur cheart acmhainní den chineál seo a úsáid. Mar a luadh níos túsce, is minic a bhíonn deacrachtaí le cláir cliath, de bhrí nach mbíonn na dearaí sásúil. Bunaithe ar an gcineál scríbhneoireachta a bhíonn le déanamh ar chlár bán nó ar chlár dubh i rith an cheachta ceoil, bíonn ar an múinteoir an t-uafás ama a chaitheamh ag scríobh sula mbíonn tionchar ar bith aige ar an bhfoghlaim. Dá réir sin, bheadh osteilgeoir nó sonrathailgeoir an-áisiúil sa seomra ranga ceoil. Is féidir ábhair a ullmhú roimh ré, mar shampla bileoga ceoil, ceisteanna casta armóine agus ceisteanna scrúdaithe bunaithe ar éisteacht agus ar chumadóireacht a chur i láthair go soiléir, d'fhonn úsáid éifeachtach am an mhúinteora a chinntiú agus a chinntiú go bhfoghlaimíonn na mic léinn an méid is mó is féidir.

Cé go raibh teacht ag go leor de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu ar TFC, sa seomra ranga nó sa seomra ríomhaireachta, ní raibh úsáid éifeachtach á baint as na hacmhainní seo ach i gcéatadán beag scoileanna. Ar an iomlán, baineadh úsáid as TFC chun riachtanais mhodúl roghnach teicneolaíochta na hArdeistiméireachta a

chomhlíonadh. Féadfar TFC a úsáid chun ábhar luachmhar acmhainne a sholáthar; ábhar ar féidir é a leasú, a athbhreithniú agus a oiriúnú bunaithe ar riachtanais na mac léinn. Ina theannta sin, féadfar ábhar den sórt seo a úsáid chun ceol a chóiriú chun é a léiriú, agus dá mbeadh ceol ar fáil i bhfoirm leictreonach d'fhéadfaí tuilleadh athruithe a dhéanamh air níos faide anonn bunaithe ar chumas na mac léinn.

Thuairiscigh na cigirí nach raibh ach úsáid theoranta á baint as TFC mar uirlis teagaisc bunaithe ar easpa deiseanna oiliúna in úsáid teicneolaíochta. Thuairiscigh siad freisin, áfach, go raibh fonn ar mhúinteoirí leas a bhaint as deiseanna oiliúna ar bith a bhí ar fáil agus go ginearálta go raibh an lucht bainistíochta toilteanach deiseanna oiliúna agus tacaíochta a sholáthar nuair a tháinig a leithéid de dheiseanna chun cinn.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Baintear úsáid cheart as acmhainní ceoil, mar uirlisí teagaisc agus léirithe
- Baintear úsáidtear éifeachtach as osteilgeoir agus TFC chun teagasc agus foghlaim a éascú

### Ábhair imní

- Úsáid theoranta á baint as teicneolaíocht ceoil mar uirlis teagaisc agus foghlama
- Ní bhaintear úsáid as osteilgeoir, úsáid neamhéifeachtach á baint as am an mhúinteora

## 4.5 Foghlaim agus éachtaí na mac léinn

Sna scoileanna ar tugadh cuairt orthu, thuiriscigh na cigirí go raibh na mic léinn ag foghlaim sna réimsí éagsúla. Chinntigh rannpháirtíocht fhiúntach agus lánbhíri i gníomhaíochtaí déanta ceoil ardleibhéal d'fhoghlaim ó thaithí, agus caighdeán mhaithe déanta ceoil. Bhí an foghlaim seo níos soiléire fós nuair a d'éascaigh múinteoirí comhdhlúthú le hábhar a bhí foghlamtha roimh ré, rud a cheadaigh do mhic léinn iompar follas foghlama a léiriú. I measc na samplaí a luadh i dtuairiscí éagsúla bhí:

Cleachtas maith é go mbíonn na mic léinn ag obair ar bhileoga ceoil an t-am ar fad, agus nuair a bhí botúin nó earráid sa léiriú á gceartú, d'úsáid na múinteoirí téarmaí teicniúla oiriúnacha ina gcuid míniúchán, rud a chabhraigh le comhdhlúthú breise na ngnéithe is teoriciúla den Cheol. Mar shampla, seachas a rá go raibh na hamhránaithe ag canaadh go maol i mbarra amháin, dúradh leis na mic léinn nach mór dóibh éisteacht go cúramach leis an mír a raibh “treoinóta” nó sraith “ceathraigh ardaithe” ann.

Tá ardmholadh tuille as nasc a chruthú idir gníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht ghníomhach mac léinn agus cinntíonn a leithéid forbairt leathan ceoil seachas díriú ar ábhar scrúdaithe amháin, cuireann sé le taithí ceoil na mac léinn agus tá sé thar a bheith éifeachtach maidir le scileanna rithábachtacha éisteachta a fhorbairt.

Ní hamháin go gcuireann éagsúlacht an repertoire - foinn mhalla ríleanna agus cornphíopaí – le taithí ceoil na mac léinn, tá sé thar a bheith éifeachtach freisin maidir le scileanna rithábachtacha éisteachta a fhorbairt agus cinntíonn sé go bhfuil mic léinn ullmhaithe go maith le tabhairt faoi na scrúduithe Stáit.

I ndáil le gnóthú scileanna, thug na cigirí faoi deara gur éirigh go breá le ceachtanna ina baineadh úsáid as straitéisí a bhain le foghlaim de ghlanmheabhair, i ndáil le timpeallacht dhúshlánach foghlama le hionchais oiriúnacha:

Ba léir go raibh go leor á foghlaim trí éisteacht agus anailís, forbairt scileanna, triail is earráid, agus forbairt chéim ar chéim sna gníomhaíochtaí ar fad. Baineadh úsáid éifeachtach as straitéisí a chruthaigh nasc idir ngnéithe éagsúla den churaclam agus comhtháthaíodh léiriú, cumadóireacht agus éisteacht ar shlí a bhí dírithe ar cheol. Treisíodh agus comhdhlúthaíodh ceachtanna a bhí dírithe ar ghnéithe teoriciúla trí gníomhaíochtaí praiticiúla agus cleachtaí éisteachta.

San áireamh in a lán de na ceachtanna seo bhí gné éigin cleachtaidh le deis a thabhairt do mhic léinn ábhar nua a foghlaim de ghlanmheabhair agus cuireadh leis an modh foghlama seo in imeacht ama agus bhí feabhas suntasach le tabhairt faoi deara sna léiriúcháin de réir mar a leanadh leis na ceachtanna. Bhí cóirithe difriúla i gceist i meascán de léiriúcháin inniúla, cosúil le tosú le mic léinn ag seinm ina n-aonar agus ansin mic léinn ag glacadh páirte, nó foinn le dhá agus le trí pháirt iontu, rud a chinntigh go raibh na mic léinn ar fad páirteach. Chuir rannpháirtíocht na mac léinn uile, mar aon le cóirithe tacúla agus cinntitheacha ó na múinteoirí, le caighdeán na léirithe agus bhí sé inmholta. Léirigh breathnóireacht amháin ar obair phraiticiúil na mac léinn, ag gach céim, cé gur tugadh dúshlán do mhic léinn áirithe, gur beag mac léinn nach raibh in ann an ceol a thuiscint.

Trí thumadh agus teagmháil le héagsúlacht taithí ceoil, bhí mic léinn ag foghlaim agus ag tabhairt léargais ar a dtuiscint ar an gceol tríd an leibhéal rannpháirtíochta a tugadh faoi deara agus sa tslí ar thug siad faoi thascanna sonracha.

Chruthaigh sé seo plé fíorshuimiúil agus labhair na mic léinn maidir le nádúr na gcóirithe ceoil. Ba léir go raibh go leor á fhoghlaim ag na mic léinn ón teanga eispriseach agus theicniúil a d'úsáid siad chun anailís a dhéanamh ar an méid a chuala siad, agus chun bealaí le ceol a léiriú agus chóiriú.

Bhí na mic léinn ar fad rannpháirteach agus bhí mic léinn ar a gcompord ag cur ceisteanna i rith na gceachtanna. Léargas ba ea feiliúnacht na gceisteanna seo agus spontáineacht fhreagraí na mic léinn ar cheisteanna na múinteoirí go bhfuil tuiscint mhaith acu ar choincheapa ceoil.

I rith gach ceachta, úsáideadh eolas agus taithí mic léinn le tacú leis an bhfoghlaim áit ar bith a d'fhéadfaí, agus cuireadh leis seo trí cheistiúchán, míniúchán, soiléiriú agus spreagadh ón múinteoir.

Bhí toradh foghlama le tabhairt faoi deara i gceachtanna inar spreagadh foghlaim chomhoibríoch, aonair agus fhéintreoraithe.

Tugadh leibhéal ard d'fhoghlaim chomhoibríoch agus neamhspleách faoi deara. Tugadh é seo faoi deara i gceachtanna inar tugadh deis do mhic léinn a nótaí féin a eagrú - nótaí a raibh ag an múinteoir ag déanamh monatóireacht orthu d'fhonn a chinntiú go raibh siad cruinn - agus ceachtanna ina raibh baint ag mic léinn lena sleachta ceoil féin a roghnú ar mhaithe le hábhar a foghlaimíodh roimhe sin a chomhdhlúthú. Spreagadh mic léinn i dtreo foghlaim fhéintreoraithe agus fhéinriartha agus insíodh dóibh conas na scileanna a ghnóthaíonn siad a úsáid ní hamháin i réimsí eile den chúrsa ceoil, ach i réimsí ábhair eile freisin.

Is cuma más cleachtadh do cheolchoirm Sheachtain na nEalaíon a bhí i gceist, nó obair ar na gnéithe teoriciúla den Cheol, rinneadh crostagairtí leanúnacha le paraiméadair eile Cheoil agus chuir sé seo le forbairt scileanna féinfhoghlama na

mac léinn. Sampla den scoth de seo ba ea nasc a chruthú idir amhráin mar *Black Is the Colour* le huigeacht agus foirm, obair ar chordaí taca do *Water Come a Me Eye*, agus tionlacan cnaguirlisí do *Fix You* a chomhordú agus a chisealú.



# Caibidil 5

Cáilíocht an mheasúnaithe



## 5.1 Measúnú sa seomra ranga

Thuiriscigh na cigirí gurb iad na modhanna measúnaithe ba choitianta a úsáideadh sna ceachtanna ceoil ceistiúchán ó bhéal, bileoga oibre grádaithe, leibhéal rannpháirtíochta mac léinn i rith ceachtanna a mheas, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le linn gníomhaíochtaí praiticiúla. Níl ach céatadán beag den oideachas ceoil inchainníochtaithe, coinneáil eolais agus scileanna teicniúla áirithe, tá sé níos deacra cáilíochtaí cosúil le ceoltóireacht agus cruthaitheacht a thomhas.

Le linn dul chun cinn mac léinn a mheas sna trí réimsí curaclaim – léiriú, cumadóireacht agus éisteacht – sa seomra ranga, bhain formhór na múinteoirí úsáid as na modhanna thuasluaite, agus leagadh béim faoi leith ar scileanna éisteachta. Socraíodh raon tascanna sa seomra ranga, cosúil le stíleanna ceoil a aithint agus gnéithe eile den Cheol cosúil le huigeacht agus tondath, agus léiriú aonair nó mar chuid de ghrúpa. San áireamh i dtascanna eile bhí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chumadóireachta éigin, ag obair den chuid is mó ar cheist armóine nó leanúint le séis, le linn don mhúinteoir siúl timpeall an ranga ag tabhairt treorach agus ag coinneáil súil ar dhul chun cinn na mac léinn.

Sna ceachtanna inar thuiriscigh na cigirí dea-chleachtas thug siad faoi deara gur minic a baineadh úsáid as na modhanna neamhfhoirmiúla measúnachta seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam agus go deimhin chun an

curaclam a leasú. Chomh maith leis sin, úsáideadh an toradh le cabhrú leis an múinteoir na hábhair a oiriúnú agus a leathnú, agus chun stíl teagaisc agus múnlaí foirmiúla measúnachta a athrú d'fhonn dul chun cinn na mac léinn a chinntiú. Mar a pléadh i gcuid 3.3, áfach, ní nós coitianta é torthaí na measúnachta seo a úsáid sa phróiseas pleanála, agus b'fhiú do scoileanna agus do mhúinteoirí tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar an gceist seo.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Scrúduithe ranga agus scrúduithe ag deireadh na caibidle
- Úsáid á baint as toradh na measúnachta chun an curaclam a athbhreithniú agus a leasú

### Ábhair imní

- Easpa measúnaithe rialta sna scileanna léiriúcháin agus cumadóireachta
- Gan úsáid a bhaint as toradh na measúnachta le súil a choinneáil ar dhul chun cinn mac léinn

## 5.2 Obair bhaile

Ar mhaithe le cloí leis an éagsúlacht scileanna agus gníomhaíochtaí ceoil a tugadh faoi deara sa seomra ranga, tugadh agus rinneadh monatóireacht ar thascanna éagsúla obair bhaile i bhformhór na scoileanna ar thug cigirí cuair orthu. Is minic a bhí tascanna ag mic léinn a bhí bunaithe ar chleachtadh uirlise nó gutha, cleachtaí éisteachta agus

tascanna ar bhileoga oibre nó i leabhair oibre a bhí cosúil le ceisteanna scrúdaithe, cleachtaí teoirice chun obair a rinneadh sa rang a dhainníú, obair thionscadail agus freagraí ar chuma aiste cosúil le ceisteanna scrúdaithe agus – níos annaimhe – taighde idirlín. Is éard a bhí i gceist le hobair bhaile a bhain le cumadóireacht an chuid is mó den am scríbhneoireacht séise agus cleachtaí armóine. Bhí na cleachtaí seo dírithe ar riachtanais scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus scrúdú na hArdteistiméireachta a chomhlíonadh. Is annamh a bhíonn cleachtaí bunaithe ar shaorchleachtadh agus léiriú cruthaitheach in úsáid.

Go ginearálta, choinnigh mic léinn a gcuid oibre agus ábhar ar fad i bhfillteáin agus ceanglóirí scarbhileogacha, ach bhí éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa mhonatóireacht a rinne múinteoirí orthu seo. Comhlíonann monatóireacht ar an ábhar seo dhá fheidhm: cinntítear go bhfuil an obair chuí i gcomhaid chearta agus á stóráil i gceart, agus déantar monatóireacht ar chaighdeán na hoibre atá curtha i gcrích. Bhí scéim duaiseanna ag múinteoirí a choinnigh súil ar an ábhar seo go rialta do na ranganna sóisearacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil na comhaid eagraithe i gceart agus go bhfuil siad deas néata.

Thug na cigirí faoi deara go ndearnadh níos mó dul chun cinn sna cásanna sin a raibh níos nó ná tic nó grád ar chleachtaí. Is cosúil go raibh níos mó measa ag mic léinn ar aiseolas ina raibh tuairimí nó focail mhisnigh.

Is léir go raibh fillteáin agus lámhscríbhinní mac léinn áirithe eagraithe go maith agus bhí cuma dheas néata orthu, cé nach raibh ord ná eagar ar fhillteáin agus ar lámhscríbhinní. Moltar go ndéanfaí monatóireacht chúramach ar ábhair na mac léinn go háirithe sna ranganna sóisearacha, de bhrí go mbeidh eolas agus ábhar dá leithéid úsáideach má choinnítear ord agus eagar mar is cú air.

Smaoineamh maith ba ea le cois grád a thabhairt, gur scríobh múinteoirí tuairim nó focail mhisnigh ar a lán de na measúnachtaí seo. Tá an nós seo le moladh.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Tugtar obair bhaile go rialta agus ceartaítear í
- Ábhair agus obair na mac léinn eagraithe mar is ceart
- Ráitis Chuiditheacha chun foghlaim agus feabhas a chinntiú, agus córais oiriúnacha duaiseanna i bhfeidhm

### Ábhair imní

- Múinteoirí ag déanamh monatóireacht neamhrialta ar obair mac léinn
- Grád nó tic a chur ar obair, gan tuairimí cuiditheacha

## 5.3 Monatóireacht ar dhul chun cinn na mac léinn

Bhí difríochtaí suntasacha le tabhairt faoi deara sa mhonatóireacht a rinne múinteoirí ar obair mhac léinn. Eagraíodh scrúduithe rialta sna scoileanna ar thug cigirí cuairt orthu, mar aon le scrúduithe Nollag agus samhraidh, scrúduithe ranga agus scrúduithe bréige do mhic léinn atá ag ullmhú do scrúdú an Teastais Shóisearaigh agus scrúdú na hArdteistiméireachta.

Uaireanta baineann deacrachtaí éagsúla le monatóireacht a dhéanamh ar inniúlachtaí sonracha ceoil, cosúil le forbairt scileanna éisteachta agus scileanna rithábhachtacha éisteachta, de bhrí go bhfuil sé deacair dul chun cinn sna réimsí seo a thomhas. Cé gur bhrath formhór na múinteoirí ar na modhanna traidisiúnta measúnachta dírithe ar scrúduithe, d'úsáid roinnt múinteoirí modhanna níos cruthaithí cosúil le scrúduithe tapa chun tuiscint a fháil ar leibhéal tuisceana na mac léinn, obair thionscadail agus ealaíne, tiomsú CD, agus tráth na gceist boird. Ní raibh próifíilí d'inniúlacht ceoil mac léinn tiomsaithe ag mórán múinteoirí. Sna cásanna a raibh sé seo amhlaidh, mar shampla sa chás go ndearnadh measúnacht rialta ar scileanna rithimiúla mac léinn, ba léir go raibh cur chuige níos foirmithí ann i ndáil le measúnacht. Thuairiscigh na cigirí nach raibh úsáid fhorleathan á baint as an gcineál seo monatóireachta agus measúnachta ar fhoghlaim, agus chomhairligh siad gur cheart tuairiscí ar dhul chun cinn mac léinn a chruthú agus a chothabháil, mar aon le próifíilí ceoil a áireamh i measc chuspóirí pleanála rann ábhair. I measc na samplaí de dhea-chleachtas a tugadh faoi deara sa

mhonatóireacht a rinneadh ar dhul chun cinn mac léinn a thug cigirí faoi deara bhí:

Déantar monatóireacht rialta ar obair mac léinn, agus mar thoradh air seo, bhí na caighdeáin léiriúcháin an-mhaith agus tugadh léargas soiléir ar fhorbairt phearsanta na mac léinn bunaithe ar a gcumas féin. Rinneadh monatóireacht ar na tascanna scríofa ar fad agus bhí tuairimí úsáideacha agus spreagúla leo.

Déantar monatóireacht ar chumas éisteachta mac léinn trí mheasúnachtaí rialta, a chuireann ar chumas an mhúinteora próifíl a chruthú d'inniúlachtaí rithimiúla agus séiseacha na mac léinn.

Gné atá inmholta is ea go bhfaigheann mic léinn ráitis ar obair scríofa a léiríonn straitéisí a d'fhéadfaí a úsáid chun feabhas a chinntiú.

Ina theannta sin, tá stoc ábhair bailithe ag an múinteoir in Mediamax, áit lárnach chun comhaid agus meáin dhigiteacha a stóráil, a rochtain agus a roinnt. Tugann sé seo deis do mhic léinn oibriú ar thionscadail agus scileanna ginearálta éisteachta a fheabhsú, agus cuireann sé ar chumas an mhúinteora próifíl d'inniúlachtaí éisteachta mac léinn a chur le chéile.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Forbraíodh próifíilí d'inniúlachtaí ceoil mac léinn
- Glacadh le modhanna foirmitheacha measúnaithe
- Baintear úsáid as obair bhaile agus measúnachtaí nuair a bhíonn próifíl an mhic léinn á chur i dtoll a chéile, próifíl a bhfuil níos mó i gceist leis ná cuntas ar mharcanna nó céatadáin

### Ábhair imní

- Easpa próifíliú comhsheasmhach ar inniúlachtaí ceoil mac léinn

## 5.4 Measúnú praiticiúil

Ina dtuairiscí leag na cigirí béim ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné léirithe den ábhar sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach, ag leagan béime ar an bpointe gur féidir beagnach leath de na marcanna i scrúdú na hArdeistiméireachta a fháil don chuid seo den chúrsa. Moladh scoileanna a eagraíonn measúnachtaí praiticiúla cosúil le measúnuithe na scrúduithe Stáit do mhic léinn, ach ní raibh a leithéid ag tarlú ach i leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

Mhol na cigirí cásanna inar úsáid múinteoirí measúnacht phraiticiúil ar bhealaí neamhfheiceálacha agus ina dhiaidh sin a thug léargas do na mic léinn ar na coinníollacha a bheadh i gceist i scrúduithe praiticiúla an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta. Chiallaigh sé seo go raibh taithí ag mic léinn ar an bpróiseas faoin am a raibh an scrúdú ceart le déanamh:

Leagann an roinn ceoil an-bhéim ar an ngné léiriúcháin den siollabas ceoil. Mar shampla, ar lá na measúnachta, faigheann mic léinn deis páirt a ghlacadh i gceadail ag am lóin d'fhonn, mar shampla, níos mó taithí a fháil ar sheinm faoi bhrú.

Chomh maith leis sin, fuair mic léinn deis measúnachtaí praiticiúla a dhéanamh cosúil leis na measúnachtaí a bhí le déanamh sna scrúduithe Stáit. Ciallaíonn na modhanna seo gur féidir monatóireacht chúramach a dhéanamh ar dhul chun cinn mac léinn, treoirlínte a thabhairt maidir le léiriú sna scrúduithe Stáit, agus is léargas a leithéid ar thiomantas an mhúinteora cabhrú le mic léinn a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach sa scrúdú Ceoil.

Ina theannta sin, dúirt na cigirí go raibh níos mó brí ag baint le measúnú scoile áit ar glacadh le cur chuige córasach i ndáil le measúnachtaí praiticiúla, agus an marc deiridh a chur san áireamh mar chuid de thuairisc deiridh bliana an mhic léinn.

Eagraítear measúnachtaí foirmiúla scríofa do mhic léinn sa chéad bhliain, sa dara bliain, CI agus sa chúigiú bhliain. . . I láthair na huaire, ní áirítear gníomhaíochtaí praiticiúla mar chéatadán de na measúnachtaí seo. De bhrí go mbraitheann céatadán suntasach de scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdeistiméireachta ar obair phraiticiúil, moltar gur cheart don roinn ceoil pleananna a dhéanamh é seo a chur san áireamh.

### Tréithe an dea-chleachtais

- Déantar measúnú rialta ar ghníomhaíochtaí praiticiúla i gceachtanna
- Sciar suntasach de ghníomhaíochtaí praiticiúla iad measúnachtaí foirmiúla

### Ábhair imní

- Is annamh a dhéanann mic léinn measúnachtaí praiticiúla ar nós measúnachtaí a bhíonn le déanamh sna scrúduithe Stáit





# Caibidil 6

Achoimre ar na príomhchinntí agus na príomh-mholtaí

## Cáilíocht an tsoláthair don ábhar agus na tacaíochta scoile uile

### Príomhchinntí

Go ginearálta tá próifíl shásúil ag ceol i scoileanna agus i bhformhór na gcásanna tá rogha ag na mic léinn uile staidéar a dhéanamh ar Cheol.

Tá éagothroime shuntasach inscne le tabhairt faoi deara sa líon mac léinn a dhéanann staidéar ar Cheol - tá céatadán i bhfad níos mó cailíní ná buachaillí ag déanamh staidéir ar Cheol.

Tagraíodh do raon na gníomhaíochtaí seach-churaclaim agus gníomhaíochtaí eile ceoil atá ar fáil do mhic léinn mar láidreacht ar leith i bhformhór na scoileanna.

I dtéarmaí ginearálta, mheas na cigirí go raibh soláthar agus úsáid acmhainní oiriúnach.

Bhí soláthar, agus go háirithe, úsáid TFC sa teagasc agus san fhoghlaim teoranta.

Cúis díomá é easpa sainseomra ceoil do ghníomhaíochtaí ceoil in a lán scoileanna.

### Moltaí

#### Foghlaim agus cothromaíocht inscne

Ba cheart do scoileanna monatóireacht rialta a dhéanamh ar an tionchar atá ag rogha ábhair ar an méid buachaillí a chinneann staidéar a dhéanamh ar Cheol d'fhonn déileáil leis an éagothroime inscne san ábhar.

Ba cheart do lucht bainistíochta scoileanna leanúint le monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an rogha ábhair atá ar fáil sa tsraith shóisearach d'fhonn rochtain chothromasach ar Cheol a chinntiú do na mic léinn uile.

#### Sainseomra Ceoil

Nuair is féidir, ba cheart do scoileanna smaoineamh ar sheomra ceoil a bhunú in áit a bhfuil dóthain spáis do limistéar solúbtha teagaisc, limistéar buan léiriúcháin, agus neart spáis stórála.

Ba cheart cuid den seomra ceoil a leagan ar leataobh mar spás buan léiriúcháin, chun timpeallacht foghlama a fheileann do léiriú, cumadóireacht agus éisteacht a chruthú.

A mhéid is indéanta, níor cheart an seomra ceoil a úsáid do cheachtanna eile, d'fhonn comhordú éifeachtach na roinne ceoil a chinntiú.

Sa chás go bhfuil limistéar teagaisc ceoil le neart acmhainní ar fáil i scoil, ní mór smaoinemh ar an limistéar a leagan ar leataobh do theagasc ceoil amháin.

### Feabhsú na n-acmhainní, lena n-áirítear TFC

Ba cheart do scoileanna athbhreithniú ar dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil do Cheol, go rialta, agus ar bhealach pleanáilte.

Ba cheart do scoileanna pleananna a leagan amach do ghnóthú, d'athnuachan agus do nuashonraí acmhainní, lena n-áirítear trealamh feiliúnach TFC agus bogearraí.

## Cáilíocht na pleanála agus an ullmhúcháin

### Príomhchinntí

Cé go raibh leibhéal éigin de phleanáil chomhoibríoch le tabhairt faoi deara i scoileanna, is annamh a rinne cigirí cur síos ar phleanáil mar láidreacht i scoileanna.

Bunaíodh ranna ábhair i líon beag scoileanna le déanaí.

Bhí formhór na bpleananna scríofa ábhar-bhunaithe.

Bhí an phleanáil ghearrthréimhseach, a rinne múinteoirí aonair sásúil.

Ba léir go raibh tiomantas ag na múinteoirí agus na scoileanna d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

Bhí ballraíocht ag múinteoirí i leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu i gCumann na Múinteoirí Ceoil Iarbhunoideachais.

### Moltaí

Ba cheart do Mhúinteoirí Ceoil comhoibriú lena chéile agus pleananna a dhéanamh le chéile ar mhaithe le soláthar an ábhair ina scoileanna a fheabhsú agus a chomhordú. Má dhéantar amhlaidh, beidh na múinteoirí ag cur leis an bpleanáil mhaith aonair atá déanta ag formhór na múinteoirí cheana féin. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le pleanáil chomhoibríoch comhoibriú a chothú le linn ábhar teagaisc agus foghlama a ullmhú, saineolas a roinnt agus níos mó úsáide a bhaint as modhanna éifeachtacha teagaisc, mar aon le húsáid a bhaint as cleachtais ghinearálta measúnaithe.

Ba cheart go mbeadh plean ábhair Ceoil na scoile

- ar aon dul le riachtanais churaclaim
- deartha ar mhaithe le comhtháthú idir léiriú, cumadóireacht agus éisteacht i dteagasc agus i bhfoghlaím an Cheoil a éascú
- in ann déileáil le riachtanais mhac léinn i ndáil leis na scrúduithe Stáit, ach níor cheart go mbeadh sé bunaithe ar fad nó go príomha ar cheisteanna scrúdaithe



- in ann modhanna teagaisc a úsáidtear sa seomra ranga a chur san áireamh agus smaoineamh ar níos mó úsáide a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama
- in ann forbairt raon straitéisí foghlama a spreagadh mar aon le bealaí tríнар féidir le mic léinn machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu
- in ann cabhrú le cinntiú go dtacaíonn an scoil le gnéithe níos leithne d'fhorbairt ceoil.

Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar phlean Ceoil na scoile agus ba cheart sainspriocanna meántréimhseacha agus fadtréimhseacha a áireamh ann don roinn Ceoil.

Ba cheart go n-áireodh an próiseas pleanála pleanáil chórasach maidir le gnóthú, úsáid agus athnuachan acmhainní do theagasc Ceoil.

### Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

#### Príomhchinntí

I mbreis agus leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu, comhthátháíodh agus sintéisíodh na trí réimse churaclaim – léiriú, cumadóireacht agus éisteacht.

Tugadh raon gníomhaíochtaí déanta ceoil faoi deara i bhformhór na scoileanna.

Bhí caighdeáin mhaithe déanta ceoil le sonrú. Bhí rannpháirtíocht na mac léinn go maith, agus dearcadh dearfach i leith an cheoil i bhformhór na scoileanna.

Go ginearálta, baineadh úsáid éifeachtach as acmhainní, ach tugadh easpa osteilgeoirí nó sonratheilgeoirí agus TFC faoi deara i gcéatadán suntasach scoileanna.

#### Moltaí

Ba cheart go ndéanfadh scoileanna agus múinteoirí tréaniarracht cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir forbairt ghinearálta ceoil mac léinn agus staidéar ar ábhair a bhaineann leis an scrúdú. Ciallóidh sé seo go mbeidh gá le níos mó deiseanna do mhic léinn oideachas leathan Ceoil a fháil.

Ba cheart do mhúinteoirí iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama i gceachtanna ceoil.

Ba cheart níos mó béime a leagan ar na trí réimse churaclaim a chomhtháthú agus a shintéisiú - léiriú, cumadóireacht agus éisteacht – i gceachtanna ceoil.

Ba cheart go mbeadh níos mó deiseanna ag mic léinn tionscnamh agus cruthaitheacht a léiriú trí fhoghlaim ghníomhach agus chomhoibríoch.

Dá mbeadh osteilgeoir nó sonratheilgeoir in úsáid sna seomraí ranga d'fhéadfaí am an mhúinteora a bhainistiú níos éifeachtaí agus chuirfeadh sé go mór le teagasc agus le foghlaim.

Ba cheart úsáid TFC a áireamh i dteagasc agus foghlaim an Cheoil. Bheadh tairbhe ag baint le tuilleadh deiseanna do mhúinteoirí a scileanna TFC a fhorbairt ina leith seo.

Ba cheart do lucht bainistíochta scoileanna leanúint leis an tacaíocht atá á tabhairt acu d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí Ceoil.

## Cáilíocht an mheasúnaithe

### Príomhchinntí

Léirigh mic léinn go raibh suim mhór acu sa Cheol agus go deimhin bhí dearcadh dearfach acu i leith an Cheoil. Trí bhreathnú ar obair na mac léinn, obair phraiticiúil agus obair scríofa, ba léir go raibh na scileanna a forbraíodh oiriúnach agus ar ardchaighdeán.

Eagraíodh tascanna éagsúla obair bhaile agus rinneadh monatóireacht ar na tascanna seo i bhformhór na scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

Bhí neamh-chomhsheasmhacht le sonrú i monatóireacht foirmiúil obair na mac léinn, agus bhí próifiliú cumas agus dul chun cinn na mac léinn san ábhar teoranta.

Bhí measúnachtaí praiticiúla san áireamh sna scrúduithe foirmiúla i níos lú ná leath de na scoileanna ar tugadh cuairt orthu.

Bhí ráitis chuiditheacha mar aon le grád, rud a chur ar chumas mac léinn dul chun cinn a dhéanamh, in úsáid i bhformhór na gcásanna.

### Moltaí

Ba cheart do scoileanna agus do mhúinteoirí úsáid a bhaint as measúnachtaí praiticiúla (cosúil leis na measúnachtaí a úsáidtear i scrúduithe Stáit) mar aon le tascanna éisteachta agus scríofa le linn dóibh dul chun cinn mac léinn a mheas.

Ba cheart do scoileanna taifead a choinneáil ar obair agus ar dhul chun cinn mac léinn sna hinniúlachtaí ceoil ar fad.

Le linn monatóireacht a dhéanamh ar obair mac léinn, ba cheart do mhúinteoirí úsáid a bhaint as tuairimí scríofa freisin (le cois marcanna nó gráid). Ba cheart go mbeadh eolas le fáil ag mic léinn sna tuairimí seo maidir le conas foghlaim agus dul chun cinn a fheabhsú.





# Aguisín

## Tagairtí

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1991). *Siollabas Ceoil an Teastais Shóisearaigh*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1996). *Siollabas Ceoil na hArdteistiméireachta: Ard agus Gnáth Leibhéal*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Chigireacht (2004). *Treoir don Chigireacht Ábhair ag an Dara Leibhéal*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1991). *An Teastas Sóisearach: Music Guidelines for Teachers*. Baile Átha Cliath: NCCA.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (1997). *An Ardteistiméireacht: Music Guidelines for Teachers*. Baile Átha Cliath: NCCA.

Paynter, John (1982). *Music in the Secondary School Curriculum: Trends and Developments in Class Music Teaching*. Cambridge: Cambridge University Press, for the Schools Council.

## Suímh ghréasáin úsáideacha

### Suímh ghréasáin oideachais ghinearálta

<a href="http://www.education.ie">www.education.ie</a>	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
<a href="http://www.examinations.ie">www.examinations.ie</a>	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
<a href="http://www.ncca.ie">www.ncca.ie</a>	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
<a href="http://www.sdpi.ie">www.sdpi.ie</a>	An Tionscnamh um Phleanáil Forbartha Scoile
<a href="http://www.slss.ie">www.slss.ie</a>	Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal
<a href="http://www.ncte.ie">www.ncte.ie</a>	Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas
<a href="http://www.scoilnet.ie">www.scoilnet.ie</a>	Acmhainní ginearálta ar líne do scoileanna

### Eolas ginearálta ar oideachas ceoil

<a href="http://www.ppmta.ie">www.ppmta.ie</a>	Cumann na Múinteoirí Ceoil Iar-bhunoideachais
<a href="http://www.curriculumonline.gov.uk">www.curriculumonline.gov.uk</a>	Suíomh curaclaim ar líne na Breataine
<a href="http://www.mtrs.co.uk">www.mtrs.co.uk</a>	Acmhainní do mhúineadh an cheoil
<a href="http://www.musicteachers.co.uk">www.musicteachers.co.uk</a>	
<a href="http://www.musicatschool.co.uk">www.musicatschool.co.uk</a>	
<a href="http://www.copiable.com">www.copiable.com</a>	
<a href="http://musicmoz.org/Education/Resources/">musicmoz.org/Education/Resources/</a>	

### Réimsí sainiúla d'oideachas ceoil

Suímh ag soláthar acmhainní sainiúla le haghaidh ábhair agus téamaí sa siollabas ceoil

<a href="http://www.classical.net">www.classical.net</a>
<a href="http://www.queenonline.com">www.queenonline.com</a>
<a href="http://www.hberlitz.com">www.hberlitz.com</a>
<a href="http://www.beatles.com">www.beatles.com</a>

[www.comhaltas.ie](http://www.comhaltas.ie)

[www.cmc.ie](http://www.cmc.ie)

[www.musicnetwork.ie](http://www.musicnetwork.ie)

[www.nch.ie](http://www.nch.ie)

[www.mididb.com](http://www.mididb.com) (bunachar sonraí MIDI)

[www.musicrobot.com](http://www.musicrobot.com) (inneall cuardaigh MIDI)

[www.vanbosco.com](http://www.vanbosco.com) (inneall cuardaigh MIDI)

# Ag Breathnú ar Cheol

Tuairiscíonn *Ag Breathnú ar Cheol* ar thoradh na cigireachta Ceoil a rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i scoileanna idir Eanáir 2006 agus Bealtaine 2007 ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tharla na cigireachtaí i réimse scoileanna dara leibhéal agus laistigh de chlár scoile éagsúla. Tugann an tuarascáil léargas ar roinnt nithe a tugadh faoi deara maidir le cleachtas i soláthar an ábhair agus tacaíocht scoile uile, pleanáil agus ullmhúchán, teagasc agus foghlaim, agus measúnú.

Tugann na príomhchinntí agus na príomh-mholtaí atá luaite in *Ag Breathnú ar Cheol* léargas ar chaighdeán an chleachtais atá ann faoi láthair i dteagasc an Cheoil ag leibhéal iar-bhunscoile. Tá comhairle úsáideach sa tuarascáil do scoileanna agus do mhúinteoirí, de réir mar a théann siad i mbun féin-athbhreithnithe, pleanála, agus feabhsaithe go háirithe. Beidh sí fóinteach chomh maith agus comhrá a spreagadh i measc múinteoirí agus daoine eile atá bainteach leis an oideachas ceoil.

AG CUR CHUN CINN CAIGHDEÁN NA FOGHLAMA



## Múineadh agus Foghlaim in Iar-bhunscoileanna

Tá fáil sa tsraith *Múineadh agus Foghlaim in Iar-Bhunscoileanna* ar ghearrthuiriscí ar cháilíocht an tsoláthair oideachais in iar-bhunscoileanna. Tá na tuairiscí bunaithe ar thorthaí cigireachta a rinne an Chigireacht, a bhfuil dualgais reachtúla uirthi do mheastóireacht scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal in Éirinn. Díríonn na tuarascálacha sa tsraith seo ar an gcleachtas i scoileanna agus tá sé i gceist go príomha go gcuideodh siad le scoileanna agus le múinteoirí agus iad i mbun féinmheastóireachta agus athbhreithnithe ar a gcuid oibre.

*An tAonad Tacaíochta um Mheastóireacht agus Taighde*

*An Chigireacht*

*An Roinn Oideachais agus Eolaíochta*

*Sráid Maoilbhríde*

*Baile Átha Cliath 1*

*Éire*

€10

